Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Modúl 2 Freagairt ar Fhiosruithe

GCRR_4.03.34.13_003

Eagrán 1 | 16 Deireadh Fómhair 2020

Sa tuarascáil seo tugtar san áireamh treoracha agus ceanglais faoi leith ár gcliaint.

Ní sé beartaithe le haghaidh tríú páirtí ar bith agus níor cheart do thríú páirtí ar bith brath air agus ní ghealltar freagracht ar bith do thríú páirtí ar bith.

Uimhir phoist 233985-00233985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Teach Corparáideach
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire
www.arup.com

ARUP

# Deimhniú doiciméid

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal an phoist** | | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | | | **Uimhir an phoist**<br>233985-00233985-00 |
| **Teideal an doiciméid** | | Modúl 2 Freagairt ar Fhiosruithe | | | **Tagairt chomhaid**<br>4.03.34.13_003 |
| **Tagairt an doiciméid** | | GCRR_4.03.34.13_003 | | | |
| **Athbhreithniú** | **Dáta** | **Ainm comhaid** | Module 2 Response.docx | | |
| Dréacht 1 | 12 Márta 2020 | **Cur síos** | An chéad dréacht | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 4 | 6 Aibreán 2020 | **Ainm comhaid** | | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 5 | 7 Aibreán 2020 | **Ainm comhaid** | | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 6 | 10 Aibreán 2020 | **Ainm comhaid** | | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | | **Eisigh an deimhniú Doiciméid le doiciméad** | | ✓ |

# Deimhniú Doiciméid



| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal an phoist** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | **Uimhir an phoist** | 233985-00233985- |
| **Teideal an doiciméid** | Modúl 2 Freagairt ar Fhiosruithe | **Tagairt chomhaid** | |
| **Tagairt an doiciméid** | GCRR_4.03.34.13_003 | | |

| **Athbhreith** | **Dáta** | **Ainm** | GCRR_4-03.34.13.003_Module 2 Response_D9.docx | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dréacht 9 | 26 Meán Fómhair 2020 | **Cur síos** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 10 | 2 Deireadh Fómhair 2020 | **Ainm** | GCRR_4-03.34.13.003_Module 2 Response_D10.docx | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 10 | 2 Deireadh Fómhair 2020 | **Ainm** | GCRR_4-03.34.13.003_Module 2 Response_D10.docx | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 11 & Dréacht 12 | 8 Deireadh Fómhair 2020 | **Ainm** | | | |
| | | **Cur síos** | Nuashonrú le haghaidh tráchtanna U Finn | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |

**Eisigh an deimhniú doiciméid le doiciméad** ✓

# Deimhniú Doiciméid



| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal an phoist** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | **Uimhir an phoist** | 233985-00233985- |
| **Teideal an doiciméid** | Modúl 2 Freagairt ar Fhiosruithe | **Tagairt chomhaid** | |
| **Tagairt an doiciméid** | GCRR_4.03.34.13_003 | | |

| **Athbhreith** | **Dáta** | **Ainm** | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dréacht 14 | 13 Deireadh Fómhair | **Cur síos** | Athstruchtúrú na tuarascála | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| DRÉACHT 15 | | **Ainm** | | | |
| | | **Cur síos** | Athstruchtúrú na tuarascála chun príomhthorthaí a tharraingt amach | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| DRÉACHT 16 | | **Ainm** | | | |
| | | **Cur síos** | Cion breise Systra, Uinsinn Finn, Sinead Whyte | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| Dréacht 17, Eisiúint 1 | 15 Deireadh Fómhair 2020 | **Ainm** | GCRR_4-03.34.13.003_Module 2 Response_I1.docx | | |
| | | **Cur síos** | Eagarthóireacht deiridh EMcC | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna sheiceáil ag | Arna fhaomhadh ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |

**Eisigh an deimhniú doiciméid le doiciméad** ✓

# Deimhniú Doiciméid



<table>
<tr><td>Teideal an phoist</td><td colspan="4">Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe</td><td>Uimhir an phoist<br>233985-00233985-</td></tr>
<tr><td>Teideal an doiciméid</td><td colspan="4">Modúl 2 Freagairt ar Fhiosruithe</td><td>Tagairt chomhaid</td></tr>
<tr><td>Tagairt an doiciméid</td><td colspan="5">GCRR_4.03.34.13_003</td></tr>
<tr><td>Athbhreith</td><td>Dáta</td><td>Ainm</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td rowspan="4">Eisiúint 1 nuashonraithe</td><td rowspan="4">16 Deireadh Fómhair 2020</td><td>Cur síos</td><td colspan="3">Téacs Sinead Whyte curtha le Rannóg 7</td></tr>
<tr><td></td><td>Arna ullmhú ag</td><td>Arna sheiceáil ag</td><td>Arna fhaomhadh ag</td></tr>
<tr><td>Ainm</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Síniú</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="5"></td><td rowspan="5"></td><td>Ainm</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cur síos</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td></td><td>Arna ullmhú ag</td><td>Arna sheiceáil ag</td><td>Arna fhaomhadh ag</td></tr>
<tr><td>Ainm</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Síniú</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="5"></td><td rowspan="5"></td><td>Ainm</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cur síos</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td></td><td>Arna ullmhú ag</td><td>Arna sheiceáil ag</td><td>Arna fhaomhadh ag</td></tr>
<tr><td>Ainm</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Síniú</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="5"></td><td rowspan="5"></td><td>Ainm</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cur síos</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td></td><td>Arna ullmhú ag</td><td>Arna sheiceáil ag</td><td>Arna fhaomhadh ag</td></tr>
<tr><td>Ainm</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Síniú</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="5">Eisigh an deimhniú doiciméid le doiciméad</td><td>✓</td></tr>
</table>

# Clár na nÁbhar

| | | | Leathanach |
|---|---|---|---|
| **1** | **Achoimre Feidhmiúcháin** | | **3** |
| **2** | **Iompar Inbhuanaithe don Todhchaí** | | **5** |
| | 2.1 | Ábhar aighneachtaí | 5 |
| | 2.2 | Taisteal Níos Cliste | 5 |
| | 2.3 | Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) | 5 |
| | 2.4 | Freagairt ar Aighneachtaí | 8 |
| **3** | **Riachtanas na Scéime** | | **9** |
| | 3.1 | Comhthéacs Aighneachtaí | 9 |
| | 3.2 | Ról an CCNA N6 mar chuid den SIG | 9 |
| | 3.3 | Oibríocht Reatha an Ghréasáin Bóithre | 10 |
| | 3.4 | Acmhainn acomhal ar an ngréasán bóithre atá ann | 11 |
| | 3.5 | Oibríocht Reatha an Ghréasáin Bóithre | 15 |
| | 3.6 | Oibríocht Amach Anseo Gan SIG | 20 |
| | 3.7 | Freagairt ar Aighneachtaí | 30 |
| **4** | **Cur chun feidhme an SIG:** | | **31** |
| | 4.1 | Ábhar aighneachtaí | 31 |
| | 4.2 | Cur chun feidhme an SIG: | 31 |
| | 4.3 | Freagairt ar Aighneachtaí | 33 |
| **5** | **Conas a Oibríonn an tSamhail: Tosca a imríonn tionchar ar an rogha mhodha** | | **34** |
| | 5.1 | Ábhar aighneachtaí | 34 |
| | 5.2 | Samhail Réigiún an Iarthair | 34 |
| | 5.3 | Boinn Tuisceana um Shamhaltú an CCNG N6 | 36 |
| | 5.4 | Freagairt ar Aighneachtaí | 37 |
| **6** | **Torthaí na Deighilte Módúla** | | **39** |
| | 6.1 | Comhthéacs aighneachtaí | 39 |
| | 6.2 | Measúnú Iompair an TMTT | 39 |
| | 6.3 | Réamhaisnéisí an CNP | 42 |
| | 6.4 | Tionchair na bainistíochta éilimh ar an deighilt mhódúil | 48 |
| | 6.5 | Torthaí na Deighilte Módúla do Chathair na Gaillimhe | 53 |
| | 6.6 | Freagairt ar Aighneachtaí | 53 |
| **7** | **Comhlíonadh an Bheartais Náisiúnta** | | **55** |
| | 7.1 | Ábhar aighneachtaí | 55 |
| | 7.2 | Taisteal Níos Cliste | 55 |
| | 7.3 | Spriocanna um Dheighilt Mhódúil an Taistil Níos Cliste | 56 |

7.4 An Creat Náisiúnta Pleanála 57
7.5 Plean Gníomhaíochta um Aeráid 61
7.6 Freagairt ar Aighneachtaí 64

**8 Tástáil Íogaireachta COVID-19 65**

8.1 Réamhrá 65
8.2 Tionchar ar obair ón mbaile ar éileamh taistil amach anseo a mheas 65
8.3 Impleachtaí le haghaidh Bhreithmheas an CCNA N6 70

**9 Ceisteanna Sonracha a ardaíodh i Modúl 2 72**

9.2 Fiosruithe aighneachta a rinne an tUasal Mulligan 72
9.3 Fiosruithe aighneachta a rinne An Taisce 84
9.4 Aighneacht ó Fheachtas Rothaíochta na Gaillimhe 89
9.5 Aighneacht ón Uasal Kilgarriff agus ón Uasal Molinar 90

## Aguisíní

**Aguisín A**

Torthaí na Deighilte Módúla

**Aguisín B**

Tástáil Íogaireachta COVID-19

# MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG AN AN mBORD PLEANÁLA

# CHUN FAOMHADH A FHÁIL LE hAGHAIDH (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MHÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; AGUS (III) SCÉIM BÓTHAIR COSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018.

Tagairt ABP ABP-302848-18 and ABP-302885-18

## Freagairt ar Fhiosruithe a ardaíodh i Modúl 2 de Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe i ndáil le Trácht agus Aeráid

## Éisteacht ó Bhéal

le

hUinsinn Finn – Aonad Iompair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
Mike Evans, Eileen McCarthy - Innealtóireacht
Andrew Archer, David Conlon – Pleanáil Tráchta agus Iompair
Sinead Whyte – Aeráid

# 16 Deireadh Fómhair 2020

# 1 Achoimre Feidhmiúcháin

1.1.1 Is é is cuspóir leis an doiciméad seo freagairt a thabhairt ar aighneachtaí a rinneadh ag an Éisteacht ó Bhéal i ndáil le Modúl 2 le haghaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG). Déantar tagairt don suíomh ina bhfuil an t-ábhar atá curtha i láthair ar fáil cheana sna doiciméid atá foilsithe go dtí seo

1.1.2 Go hachomair, agus faoi mar atá léirithe san anailís mhionsonraithe atá curtha ar fáil sna codanna thíos:

- **Iompar Inbhuanaithe don Todhchaí:** Tá ról ag gach modh iompair maidir le réiteach iompair inbhuanaithe a sholáthar do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird agus tá Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) ina chuid riachtanach den réiteach foriomlán sin.

- **Riachtanas na Scéime:** Tá CCNA N6 ina chuid riachtanach den SIG a theastaíonn chun feabhas a chur ar oibríocht an líonra chun tairbhe na modhanna iompair ar fad agus chun freastal ar dhaonra méadaithe i gcathair níos dlúithe.

- **Cur chun feidhme an SIG:** Tá Cathair na Gaillimhe tiomanta go hiomlán do chur chun feidhme an SIG agus tá soláthar ghnéithe an SIG, seachas an CCNA N6, faoin lánseol cheana agus béim ar sholáthar gearrthéarmach na mbeart gearrthéarmach amhail rothaíocht, siúl agus iompar poiblí.

- **Conas a Oibríonn an tSamhail - Tosca a Imríonn Tionchar ar an Rogha Mhodha:** Glacadh boinn tuisceana choimeádacha in anailís na forbartha bóthair atá beartaithe chun measúnú láidir ar na tionchair tráchta a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sholáthar. Beidh tionchar ag athrú ar an mbeartas talamhúsáide agus iompair ar iompar taistil amach anseo, rud a mbeidh torthaí iompair níos inbhuanaithe mar thoradh air.

- **Torthaí na Deighilte Módúla:** Beidh athrú ó bhonn ar an taisteal inbhuanaithe mar thoradh ar bhainistíocht éilimh a chur chun feidhme i gcomhthráth leis an SIG iomlán (lena n-áirítear an CCNA N6).

- **Beartas Náisiúnta:** Tá an CCNA N6 ailínithe le soláthar an Taistil Chliste, Tionscadal Éire 2040 agus leis an mBille um Athrú Aeráide,

- **Dearadh na Scéime:** Tá an CCNA N6 deartha go cuí chun oibriú sábháilte an ghréasáin a éascú agus dlúthfhás uirbeach na cathrach a éascú agus a fheidhm réigiúnach agus náisiúnta mar bhealach TEN-T á comhlíonadh aige. Tá dearadh na scéim ina dhlúthdhearadh – gar don chathair le príomhnaisc úra – rud a éascaíonn turais níos gairide agus cathrach níos dlúithe.

# 2 Iompar Inbhuanaithe don Todhchaí

## 2.1 Ábhar aighneachtaí

2.1.1 In go leor de na haighneachtaí chuig an éisteacht ó bhéal le linn Mhodúl 2 cuireadh ceist cén fáth nach raibh réiteach don iompar poiblí curtha ar aghaidh agus moladh iontu gurb é sin an réiteach iompair is inbhuanaithe a bheadh ann do Chathair na Gaillimhe. Sa chuid seo leagtar amach conas atá ról ag gach modh iompair maidir le réiteach iompair inbhuanaithe a sholáthar nuair a cheanglaítear le dlúthfhorbairt uirbeach é.

## 2.2 Taisteal Níos Cliste

2.2.1 Creat beartais is ea "*Taisteal Níos Cliste - Todhchaí Iompair Inbhuanaithe*" a d'fhaomh an rialtas in 2009 ina leagtar amach an dóigh ar féidir fís de chóras iompair agus taistil inbhuanaithe a bhaint amach trí phleanáil talamhúsáide mar is ceart atá comhtháite leis an bpleanáil iompair.

2.2.2 Is iad seo a leanas an dá phríomhsprioc a bhaineann le Taisteal Níos Cliste chun an t-éileamh iompair a laghdú:

1. Tarlóidh fás an daonra agus na fostaíochta amach anseo i **ndlúthfhoirmeacha inbhuanaithe** den chuid is mó, rud a laghdóidh an gá le taisteal le haghaidh fostaíochta agus seirbhísí.

2. Ní foláir go mbeidh **modhanna malartacha iompair** ar fáil amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

2.2.3 Tá an sprioc cathracha agus ceantair uirbeacha a spreagadh le dlúthfhoirmeacha inbhuanaithe a fhorbairt ag croílár an bheartais um Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) a foilsíodh in 2018. Le foilseachán an CNP soláthraíodh creat reachtúil a gcaithfear gach cinneadh pleanála reatha agus amach anseo a mheasúnú ina choinne. Cinnteofar leis sin go gcomhlíonfaidh gach cinneadh pleanála agus plean forbartha amach anseo an sprioc dlúthfhás uirbeach a bhaint amach.

2.2.4 Óna thionscnamh, cruthaíodh an bunús le Taisteal Níos Cliste don dóigh a bpleanálaimid ár soláthar iompair, agus cuireadh na prionsabail maidir le taisteal níos cliste i bhfeidhm ón dtús.

## 2.3 Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG)

2.3.1 In 2016 d'ullmhaigh Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a bhfuil sé mar aidhm leis aghaidh

a thabhairt ar riachtanais iompair reatha agus amach anseo Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird.

2.3.2 Mar chuid d'fhorbairt Straitéis Iompair na Gaillimhe, breithníodh riachtanais na modhanna iompair ar fad. Cuireadh bonn eolais faoi éileamh taistil agus riachtanais gach modha le sonraí áirimh a bhain le héileamh taistil fostaíochta agus oideachais, chomh maith le sonraí ó shuirbhé náisiúnta taistil tí ina soláthraíodh sonraí breise faoi chineálacha eile turas amhail siopadóireacht agus caitheamh aimsire.

2.3.3 Cuirtear béim sa SIG ar réitigh iompair inbhuanaithe a sholáthar, chun spleáchas ar thaisteal i gcarranna príobháideacha a laghdú agus nascacht riachtanach á soláthar idir limistéir chónaithe agus limistéir fostaíochta. Ag leanúint an prionsabal sáraitheach sin, glacadh cur chuige céimiúlachta do mheasúnú na straitéisí iompair SIG ina leagadh amach ord na n-idirghabhálacha a theastaigh chun tacú le roghanna taistil inbhuanaithe. Thosaigh siad sin le hidirghabhálacha le haghaidh siúil agus rothaíochta, agus an gá le bonneagar breise iompair phoiblí ansin (lena n-áirítear iarnród éadrom), agus bhí siad tacaithe ag bearta bainistíochta agus éilimh tráchta a raibh sé mar aidhm leo aistriú go modhanna inbhuanaithe a spreagadh. Ar deireadh, rinneadh iniúchadh ar an ngá a bhí le tuilleadh idirghabhálacha bóthair mar chuid den straitéis chun acmhainn bhreise a sholáthar don ghréasán, gan an bonn a bhaint ón infheistíocht in iompar inbhuanaithe ag an am céanna.

2.3.4 Le linn fhorbairt an SIG, rinneadh roinnt cásanna iompair phoiblí a bhí tacaithe ag réitigh bainistíochta tráchta lár na cathracha a mheasúnú, gan an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm, bunaithe ar athbhreithniú ar an éileamh amach anseo ar thaisteal sa chathair agus sa chontae in 2039. Áiríodh leis sin scrúdú ar na roghanna éagsúla iompair phoiblí idir sheirbhís bus ardmhiníochta agus córas iarnróid éadroim. Forbraíodh na cásanna i bhfoirm céimiúlachta ag srathú leibhéal na hinfheistíochta agus na hathruithe foriomlána a theastaíonn ar an ngréasán iompair atá ann cheana. Go hachomair, is iad seo a leanas na roghanna eile iompair phoiblí a measúnaíodh:

1. Uasghrádú ar shaoráidí siúil agus rothaíochta agus gréasán busanna trasna na cathrach.
2. Uasghrádú ar shaoráidí siúil agus rothaíochta agus gréasán busanna trasna na cathrach agus tús áite do bhusanna ar fud lár na cathrach
3. Amhail Cás 2 ach le leagan malartach cuarlána bus
4. Amhail Cás 2 ach le leagan malartach iarnróid éadroim trasna na cathrach

2.3.5 I ndiaidh anailís ilchritéar, roghnaíodh Cás 2 (gréasán busanna trasna na cathrach agus tús áite do bhusanna ar fud lár na cathrach) mar an réiteach iompair phoiblí roghnaithe. Is fiú a thabhairt faoi deara i

gcomhthéacs aighneachtaí a rinneadh chuig an éisteacht sin ó bhéal go bhfeidhmíonn Cás 2 ar leibhéal comhchosúil, i gcomhthéacs deighilt mhodúil, le Cás 4 (Cás 2 ach le hiarnród éadrom trasna na cathrach). Leis an réiteach iompair phoiblí bunaithe ar bhusanna a forbraíodh soláthraítear réiteach éifeachtúil le turais ó limistéir chónaithe chuig na príomhdhíolta suntais turais a éascú, go háirithe lár na cathrach agus ionaid fostaíochta amhail an Pháirc Mhór / Baile an Bhriotaigh.

2.3.6 I ndiaidh an anailís a rinneadh le linn Chéim 2 (agus faoi mar atá léirithe i roinn 4.13 de Ráiteas um Fhianaise Andrew Archer), rinneadh athbhreithniú ar thionchar córais iompair iarnróid éadroim do Ghaillimh, i gcomhthéacs an daonra méadaithe agus réamhaisnéisí fostaíochta atá laistigh den CNP. Cinneadh san anailís nach mbeadh go leor éilimh ann chun údar a thabhairt le cur chun feidhme córais iarnróid éadroim. Lena chois sin, ní réiteofaí ceisteanna brú tráchta i nGaillimh le córas iarnróid éadroim as féin.

2.3.7 In ainneoin an mhéid thuas, tríd an ngréasán bunaithe ar bhusanna a sholáthar, sainaithnítear sa SIG líon conairí iompair lena n-éascófar soláthar seirbhísí iompair phoiblí rialta iontaofa a fhreastalóidh ar riachtanais na cathrach amach anseo. Dá ndéanfaí forbairt amach anseo feadh an gconairí sin thar na réamhaisnéisí atá beartaithe sa CNP, tá an acmhainneacht ann acmhainn iompair na gconairí iompair a mhéadú trí sheirbhísí iompair phoiblí lena mbeadh acmhainn níos airde a thabhairt isteach.

2.3.8 Cé go méadófar na leibhéil taistil inbhuanaithe le soláthar na réiteach iompair phoiblí, léiríodh san anailís nach maolófar na ceisteanna brú tráchta sa chathair a imríonn tionchar ar an iompar poiblí chomh maith le modhanna eile, lena n-áirítear modhanna gníomhacha le gréasán iompair phoiblí a ndéanfaí feabhas suntasach air as féin.

2.3.9 Rinneadh Cás 2 (gréasán busanna trasna na cathrach agus tús áite do bhusanna ar fud lár na cathrach) a thástáil ansin gan CCNA N6 a sholáthar agus CCNA N6 a sholáthar de réir a chéile ansin faoi mar a leanas:

- Ón N6/M6 atá ann go dtí an N84
- Ón N6/M6 atá ann go dtí an N84 agus ar aghaidh go dtí an N59
- Ón N6/M6 atá ann go dtí an N84 agus ar aghaidh go dtí an N59 go dtí an R336. (An CCNA N6 iomlán)

2.3.10 I ndiaidh measúnú agus anailís ilchritéar a dhéanamh ar na cásanna thuas, is é an chonclúid go dteastaíonn CCNA N6 iomlán chun go mbeifear ábalta na tairbhí is fearr agus is féidir maidir leis an SIG a bhaint amach. Dá réir sin, ba é an rogha a moladh iompar poiblí Chás 2 mar aon le CCNA N6 iomlán i.e. ní hé gurb é ceachtar ceann atá i gceist

ach, seachas sin, comhcheangal den dá chomhpháirt laistigh de chomhthéacs straitéis iompair fhoriomlán.

2.3.11 Tá sé tábhachtach maidir leis sin a shonrú nach féidir leis an iompar poiblí freastal go héifeachtúil ar gach turas ar an ngréasán seo. Tá an SIG deartha, áfach, ar bhealach a mbeidh iompar poiblí ábalta freastal ar limistéir fáis amach anseo. Cé go bhfuil an SIG spreagtha ag an iompar poiblí, teastaíonn straitéis iompair chomhtháite uainn lena ndéanfar soláthar do riachtanais gach modha iompair. Rinne cathracha a bhaineann ardleibhéal siúil, rothaíochta agus úsáid iompair phoiblí amach, amhail na samplaí a luadh maidir le Cóbanhávan agus Seville, infheistíocht i ngach cineál bonneagair, lena n-áirítear cuarbhóithre ar fud na cathrach.

## 2.4 Freagairt ar Aighneachtaí

Cé go méadófar na leibhéil taistil inbhuanaithe le soláthar na réiteach iompair phoiblí, léiríodh san anailís a rinneadh mar chuid d'fhorbairt an SIG nach maolófar an brú tráchta sa chathair a imríonn tionchar ar an iompar poiblí chomh maith le modhanna eile, lena n-áirítear modhanna gníomhacha le gréasán iompair phoiblí a ndéanfaí feabhas suntasach air as féin. Beidh brú tráchta laghdaithe mar thoradh ar an CCNA N6, agus dá bhrí sin, éascófar agaí turais níos gasta agus níos iontaofa do gach modh.

# 3 Riachtanas na Scéime

## 3.1 Comhthéacs Aighneachtaí

3.1.1 Ardaíodh ceisteanna in aighneachtaí éagsúla faoi cén fáth a dteastaíonn an CCNA N6 uainn chun an brú tráchta a réiteach agus moladh gur féidir an fhadhb a réiteach le feabhsuithe ar an iompar poiblí agus soláthar bonneagair le haghaidh modhanna gníomhacha amháin.


## 3.2 Ról an CCNA N6 mar chuid den SIG

3.2.1 Forbraíodh bealach an CCNA N6 i gcomhthráth leis an staidéar SIG chun eolas a thabhairt don SIG faoi conas a fhéadfaidh breiseanna a chur le gréasán bóithre Chathair na Gaillimhe. Cinneadh leis an SIG go raibh iomláine bhealach an CCNA N6 ina cuid den straitéis. Dá réir sin, rinneadh an CCNA N6 a fhorbairt tuilleadh sa chomhthéacs sin agus ar bhealach lena mbainfí cuspóirí an tionscadail amach agus lena n-ailíneofaí leis an SIG.

3.2.2 Mar a leagtar amach in Achoimre Ghearr maidir leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe ag oscailt na héisteachta ó bhéal, féachtar leis an SIG gréasán comhtháite 'nasc' (bealaí) agus 'nód' (stadanna agus suíomhanna acomhail) a sheachadadh inar féidir le daoine taisteal gan stró, agus conairí agus modhanna a athrú de réir mar is gá lena dturas a dhéanamh. Déantar soláthar sa straitéis seo i leith sheoladh an tráchta a théann trí lár na cathrach faoi láthair (chun suíomhanna ar imeall lár na cathrach a shroicheadh) chuig cuarbhealaí níos oiriúnaí thart ar chroílimistéar lár na cathrach. Dá réir sin, éascaítear beartú tosaíochta modhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus iompar poiblí i lár na cathrach agus trasna lár na cathrach, rud atá riachtanach chun aistriú modha i bhfabhar iompar níos inbhuanaithe a bhaint amach.

3.2.3 Leis an CCNA N6 atá beartaithe mar a taispeántar i **Léaráid 1** soláthraítear an cuarbhóthar feadh leath thuaidh na cathrach, rud a éascóidh turais níos dírí, a chuirfear tréthrácht ar mhalairt slí ar shiúl ón bpríomhdhroim agus a éascóidh athdháileadh an spáis bóthair i lár na cathrach chuig modhanna gníomhacha agus iompar poiblí.

**Léaráid 1: Forleagan Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe**




## 3.3 Oibríocht Reatha an Ghréasáin Bóithre

3.3.1 Is é an N6 atá ann cheana an príomhbhealach a nascann Gaillimh leis an réigiún agus leis an tír agus formhór na ndaoine a thagann isteach go Gaillimh ag teacht isteach dóibh ag Timpeallán N6 Chúil Each. Ní raibh sé beartaithe riamh san fhadtéarmach go stopfadh an mótarbhealach ag acomhal comhréidh aonair toisc nach bhféadfaí choíche an trácht a scaipeadh go hiomlán agus ceangal go hiomlán le gach bealach eile ag suíomh ar leith mar sin. Is spás ar leith nó gréasán bóithre atá roinnte ag gach modh é an N6 atá ann ó Thimpeallán Chúil Each go dtí an chathair. Tarlaíonn moilleanna ar an iompar poiblí chomh maith le carranna príobháideacha mar gheall ar an mbrú tráchta feadh an N6.

3.3.2 Tá an trácht a thagann isteach ag an N6 atá ann á rialú faoi láthair ag aonad Rialaithe an Tráchta Uirbí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Is tródam iad na comharthaí ar an N6 go bunúsach a úsáidtear chun rochtain ar lár na cathrach a rialú. Tá na comharthaí tráchta ag Acomhal Chnoc Mhaoil Drise á rialú agus á gcothromú idir tús áite a thabhairt do thrácht an N6 agus tús áite a thabhairt do bhusanna chun dul trasna an acomhail faoi láthair agus ag an am céanna níl an iomarcach ama á thabhairt don ghluaiseacht sin is go spreagfaí brú tráchta trí Dhabhach Uisce. Mar sin féin, tarlaíonn scuainí nó bailiú scuaine carranna príobháideacha soir ón M6 chomh fada soir le hAcomhal Órán Mór i mbuaicuaireanta na maidine. Ceapadh an chomharthaíocht atá beartaithe ag Timpeallán na Máirtíneach ó dheas ó Thimpeallán N6 Chúil Each chun tús áite a tabhairt d'iompar poiblí tríd an acomhal sin.

3.3.3 **I bpíosa scannánaíochta dróin** atá ceangailte ó bhuaicuaireanta na maidine ar an 10 Deireadh Fómhair 2018 taispeántar gearrthóg ó

Thimpeallán N6 Chúil Each agus Cnoc Mhaoil Drise go hAcomhal na Páirce Móire (féach **Léaráidí 4 agus 5**), agus an bus sáinnithe i lár an bhrú tráchta agus na scuainí ag síneadh soir ar an N6/M6 chomh fada agus a thaispeántar sa phíosa scannánaíochta. Téann an brú tráchta sin i gcion ar na Mearsheirbhísí Bus agus ar sheirbhísí Bus na Cathracha – is é sin an cás atá ann, agus éireoidh sé níos measa arís gan aon mór-idirghabhálacha. Feictear an cás céanna sin ag Timpeallán na nDineach ag acomhal Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ar an taobh thiar den chathair (féach **Léaráidí 2 agus 3**).

## 3.4 Acmhainn acomhal ar an ngréasán bóithre atá ann

3.4.1 Tá sé ríthábhachtach go mbainfidh an CCNA N6 cás amach i gcás go bhfeidhmeoidh na príomhacomhail ar an ngréasán bóithre atá ann cheana laistigh den acmhainn chun brú tráchta a mhaolú agus cur chun feidhme beart eile laistigh den SIG a éascú. Má sháraíonn an trácht acmhainn na n-acomhal leanfaidh an brú trácht atá ann, agus ní bheifear ábalta cur chun feidhme na tosaíochta do bhusanna atá beartaithe ag an hacomhail sin a bhaint amach. Chomh maith leis sin, ní tharlóidh an t-aistriú go modhanna gníomhacha toisc nach mothóidh rothaithe agus coisithe sábháilte ag dul tríd gréasán an-phlúchta.

3.4.2 Go sonrach, tá na hacomhail seo a leanas feadh na ndromanna soir-siar atá ann ríthábhachtach don chuspóir sin, is é sin, Cnoc Mhaoil Drise, an Baile Báin, Bóthar Thuama, Acomhal na gCiarabhánach, Acomhal na mBoidicíneach a théann go dtí Droichead na gCúig Chéad ar imeall thuaidh na cathrach, chomh maith leis na hacomhail ó Thimpeallán na Máirtíneach go hAcomhal Monenageisha go Droichead Wolfe Tone Bridge ar imeall dheas na cathrach. Siar ó Dhroichead na gCúig Chéad, is iad na príomhacomhail chun acmhainn a chur ar fáil Bóthar an Chaisleáin Nua, Timpeallán na mBrúnach, Timpeallán na nDineach agus Acomhal Bóthar Bhaile an Rí. Is acomhail chomhréidhe na hacomhail sin go léir agus tá róthoilleadh orthu faoi láthair, rud is cúis le brú tráchta leis na tionchair ar an iompar poiblí atá leagtha amach i gCuid 3.4.

**Léaráid 2 Timpeallán na nDineach agus scuainí siar go dtí Cnoc na Cathrach isteach ar Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill ag buaicuaireanta na maidine agus ar an deireadh seachtaine**



**Léaráid 3: Scuainí ar Bhóthar Ráthúin isteach ar Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill**



## Léaráid 4: Scuainí ar gach bealach isteach chuig Acomhal Chnoc Mhaoil Drise




## Léaráid 5: Bealach isteach an M6/N6 chuig Timpeallán Chúil Each



## 3.5 Oibríocht Reatha an Ghréasáin Bóithre

### Pátrúnacht reatha bus

3.5.1 Rinneadh mórfheabhsuithe ar na seirbhísí bus i gCathair na Gaillimhe le blianta beaga anuas, lena n-áirítear lánaí bus úra agus leathnaithe, minicíocht fheabhsaithe, bunaíodh bealaí trasna na cathrach, agus tugadh isteach cártaí Leap, Faisnéis Fhíor-ama ag stadanna, scáthláin bhus chlúdaithe agus Aip bus Iompar na hÉireann (TFI). Tháinig méadú ar na turais paisinéirí ar bhus ar sheirbhísí Bus Éireann ó 3.82 milliún go 4.71 milliún idir 2013 agus 2018 (Staidreamh Bus agus Iarnróid NTA). Nuair a chuirtear é sin i gcomparáid le cathracha réigiúnacha eile, tá an phátrúnacht bus i nGaillimh níos lú ná mar atá sé i gCorcaigh ach i bhfad níos airde ná mar atá sé i gcathair Luimnigh agus i gcathair Phort Láirge, agus níos mó paisinéirí bus i nGaillimh ná mar atá i gcathair Luimnigh agus i gcathair Phort Láirge le chéile.

**Tábla 1: Pátrúnacht bus i gCathracha Réigiúnacha**

| Rogha | Daonra 2016 (CSO) | Paisinéirí Bus 2016(m) NTA | Paisinéirí Bus 2018(m) NTA | Paisinéirí bus in aghaidh an duine 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 208,669 | 12.6 | 13.91 | 60.38 |
| Gaillimh | 79,934 | 4.23 | 4.71 | 52.54 |
| Luimneach | 94,192 | 2.92 | 3.53 | 31 |
| Port Láirge | 53,504 | 0.83 | 0.84 | 15.5 |
| Luimneach + Port Láirge | 147,696 | 3.75 | 4.37 | |

### Feidhmíocht Seirbhísí Bus atá Ann (foinse Bus Éireann)

3.5.2 Tá an sceideal do na busanna i gCathair na Gaillimhe léirithe i dTábla 2 thíos. Rinneadh na hagaí turais sceidealaithe le linn na mbuaicthréimhsí AM agus PM a choigeartú chun brú tráchta a tharlaíonn ar na bealaí le linn na n-amanna sin a chur san áireamh. Is féidir an sampla is follasaí a fheiceáil ar Bhealach 407 ón bhFaiche Mhór go dtí Bóthar an Chóiste a bhfuil am sceidealaithe leis de 17 nóiméad sna buaicuaireanta AM agus 27 nóiméad sna buaicuaireanta PM. Is é sin 10 nóiméad eile sa sceideal chun déileáil le sreafaí tráchta na mbuaicuaireanta PM agus léiríonn sé go bhfuil na hoibreoirí ag cur am leis na sceidil chun an brú tráchta a chur san áireamh.


**Tábla 2: Amchlár agus Eolas Turas Chathair na Gaillimhe**

| Bealach | Ceann aistir | Ceann scríbe | Buaicuaireanta AM i rith Laethanta na Seachtaine Minicíocht | Fad (km) | Aga Turais Sceidealaithe na mBuaicuaireanta AM (nóiméid) | Aga Turais Sceidealaithe na mBuaicuaireanta PM (nóiméid) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bus Éireann** | | | | | | |
| 401 | An Pháirc Mhór | Dr. Mannix Road | 20 nóiméad | 12.3 | 49 | 47 |
| 402 | Bóthar Sheanghoirt | Ospidéal Pháirc Mhuirlinne | 30 nóiméad | 13.6 | 52 | 54 |
| 404 | Órán Mór (Ionad Baile Órán Mór) | Ionad Siopadóireachta an Taoibh Thiar | 30 nóiméad | 19.7 | 55 | 59 |
| 405 | Gort Na Bro (B&Q) | Eastát Tionsclaíoch an Bhaile Bháin (Hewlett Packard) | 20 nóiméad | 9.2 | 35 | 47 |
| 407 | An Fhaiche Mhór | Bóthar an Chóiste | 30 nóiméad | 5.6 | 17 | 27 |
| 409 | An Fhaiche Mhór | Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire, | 10 nóiméad | 8.8 | 30 | 38 |
| **City Direct (Freastalaíonn sé ar iarthar na Gaillimhe amháin)** | | | | | | |
| 410 | An Fhaiche Mhór | Bóthar Cheapaí | | 8 km | 43 - 58 | 28 |
| 411 | An Fhaiche Mhór | Bóthar Cheapaí | 20 nóiméad | 8 km | 43 - 58 | 28 |
| 412 | An Fhaiche Mhór | Bóthar Dáileacháin an Iarthair | 30 nóiméad | 8 km | 37 - 52 | 22 |
| 414 | An Fhaiche Mhór | Bearna | Dhá uair sa lá | 11 km | 44 - 59 | 29 |

3.5.3 Mar sin féin, léirítear i sonraí a soláthraíodh i ndiaidh suirbhéanna a rinne Bus Éireann le haghaidh sé bhealach bus cathrach de chuid Bus

Éireann i rith an lae nach bhfuil an t-amchlár sin á bhaint amach mar gheall ar bhrú tráchta feadh na mbealaí sin. Mar shampla, tá anailís ar an bhfíor-am turais ar bhealach 401 ón bPáirc Mhóir go dtí Bóthar na Trá tríd an bhFaiche Mhór léirithe i **Léaráid 6.** Mar gheall ar an mbrú tráchta is é 38 nóiméad an íos-aga turais le haghaidh an bhealaigh soir agus ardaíonn sé sin go dtí 63 nóiméad ar a mhéad idir 16:00 agus 18:00, difríocht de 25 nóiméad. Sa treo siar tá difríocht de 19 nóiméad idir an t-íos-aga turais de 35 nóiméad agus na huas-agaí de 54 nóiméad.

**Léaráid 6: Anailís ar Amchlár Bhealach 401 (foinse Bus Éireann)**




3.5.4 Freastalaíonn Seirbhísí City Direct go príomha ar iarthar na Cathrach agus baineann na ceithre bhealach sin leas as conairí tosaíochta bus soir agus siar ar Bhóthar Easpaig Uí Dhónaill / Bhóthar Shéamais Uí Chuirc idir Timpeallán na nDineach agus Timpeallán na mBrúnach. Bíonn moilleanna idir 15 agus 30 nóiméad ar City Direct ar gach bealach idir 07:30 agus 21:00. Is é an príomhlimistéar ina mbíonn moill ar sheirbhísí City Direct ón Ard-Eaglais go dtí Sráid Phroinsias agus Sráid Eglinton.

## Suirbhé bus 2020

3.5.5 Admhaíodh go ndearnadh feabhsuithe ollmhóra ar na seirbhísí agus ar an minicíocht le blianta beaga anuas, agus na tiománaithe bus ag déanamh a ndícheall freastal ar sceidil i gcásanna brú tráchta. Is léir, fiú leis an am breise a cuireadh leis na hamchláir chun brú tráchta a chur san áireamh, gur minic a thagann na busanna go mall agus/nó go bhfuil na hagaí turais ag glacadh níos mó ama ná mar atá léirithe ar an amchlár. Ó dhearcadh úsáideora bus, is é iomlán an aga taistil an rud is

tábhachtaí, i.e. aga feithimh don bhus agus an méid ama ar an mbus. Rinneadh suirbhé eile ar chúig dheireadh seachtaine ag deireadh mhí Eanáir / tús mí Feabhra 2020 chun fíor-agaí teachta agus turais a dheimhniú i gcoinne na n-amchlár foilsithe. Bhí an aimsir go maith go ginearálta, bhí scoileanna agus coláistí tríú leibhéal ar oscailt, ní raibh móroibreacha bóthair nó cur isteach ar an trácht ann, agus measadh go raibh na dálaí mar a bheadh na gnáthdhálaí ar ghréasán busanna na cathrach.

3.5.6 Is iad na bealaí ar a ndearnadh suirbhé an dá phríomhbhealach trasna na cathrach, an 401 agus an 405, agus an 409. Rinneadh uimhreacha cláraithe busanna, agaí teachta agus imeachta agus an líon ag dul ar bord na mbusanna a thaifeadadh ag na stáisiúin ceann aistir agus ag an bhFaiche Mhór le haghaidh 401 agus 405. Ba iad 7:30am go 9:30am agus 4:00pm go 6:00pm na hamanna ar a ndearnadh suirbhé.

**Tábla 3: Suirbhé Agaí Turais Bus Chathair na Gaillimhe i gcomparáid leis an Aga Turais Sceidealaithe**

| Bealach | Fad (km) | Aga Turais Sceidealaithe na nUaireanta Seachbhuaice PM (nóiméid) | Aga Turais Sceidealaithe na mBuaicuaireanta PM (nóiméid) | Meán-aga Turais na mBuaicuaireanta PM a Taifeadadh lena n-áirítear an t-aga feithimh | Uas-aga Turais na mBuaicuaireanta PM a Taifeadadh lena n-áirítear an t-aga feithimh |
|---|---|---|---|---|---|
| 401 ag dul soir siar | 11 | 30 | 47 | 56 | 61 |
| 405 ag dul soir siar | 9.2 | 39 | 47 | 64 | 67 |
| 409 ag dul siar soir | 8.8 | 20 | 30 | 39 | 41 |

3.5.7 Is iad seo a leanas conclúidí an tsuirbhé:

- Leis an mbrú tráchta tá suas le 30 nóiméad sa bhreis á chur leis na hagaí turais do chomaitéirí bus ar thurais ar cheart go nglacadh siad 30 go 40 nóiméad le haghaidh turas trasna na cathrach ar an 401 agus an 405 agus 20 nóiméad ar an 409
- Is iontach an fad ama atá sé á ghlacadh ar bhusanna dul trasna achair measartha gairid agus bíonn sé sin ina dhíspreagadh maidir leis an mbus a úsáid.
- Ní bheadh ach iarmhairt teoranta ag feabhsuithe féideartha ar an tseirbhís atá ann trí na minicíochtaí bus ar bhealaí a mhéadú agus ar fhad na moilleanna agus dá réir sin ní bheadh ach iarmhairt teoranta ag an tseirbhís fhoriomlán a fheabhsú.


- Tá iontaofacht na seirbhíse ina fadhb, go háirithe sa tráthnóna, rud a chiallaíonn go mbíonn daoine mall ag teacht chun a gcuid oibre, nó go gcailleann siad coinní, etc.
- Beidh sé an-deacair ar fad feabhas a chur ar chomhpháirt an deighilt mhodúil mura gcuirfear feabhas suntasach ar an difríocht idir an bus agus an carr.

3.5.8 Is iad an méid thuas na príomhcheisteanna a dtéitear i ngleic leo sa SIG le soláthar tosaíochta bus feabhsaithe trí athdháileadh spáis bóthair ar fud na cathrach, gluaiseacht feithiclí tríd an gcathair a theorannú agus soláthar a dhéanamh don trácht feithiclí a cuireadh as áit ar iompar poiblí agus modhanna gníomhacha laistigh den chathair agus ar an CCNA N6 agus do gach turas eile.

### Anailís ar Chaolais Bhóthair


3.5.9 Shainaithin Bus Éireann líon caolas bóthair ar an ngréasán agus an meánluas trí chaolais bhóthair chomh híseal le 7kmu i limistéir áirithe. Faoi mar a fheictear i **Léaráid 7** tarlaíonn na príomhphointí caolais ar an ngréasán nuair a thrasnaíonn bealaí bus na príomhbhealaí tráchta sa chathair nó ar bhealach isteach ar phríomhacomhail. Léiríonn sé sin go bhfuil tionchar mór ag an brú tráchta sa chathair ar agaí turais agus iontaofacht busanna.

**Léaráid 7: Meánluasanna Bus ag Buaicphointe AM i gCathair na Gaillimhe (foinse Bus Éireann)**



3.5.10 Tá méid ard éagsúlachta in agaí turais an iompair phoiblí i rith an lae chomh maith, rud is cúis le neamhiontaofacht i sceidil agus in agaí turais d'úsáideoir iompair phoiblí, agus imrítear an tionchar is suntasaí ar agaí turais, rud a léiríonn an brú tráchta le linn buaicuaireanta. Tríd an Nasc Traschathrach atá beartaithe a thabhairt isteach mar a léirítear ar **Léaráid 8** réiteofar na príomhchaolais bhóthair i limistéar lár na cathrach.

**Léaráid 8: An Nasc Traschathrach atá Beartaithe**




## 3.6 Oibríocht Amach Anseo Gan SIG

3.6.1 Rinneadh micrea-ionsamhlú ar an limistéar **(ceangailte)** ina gcuimsítear N84 Bhóthar Áth Cinn agus N83 Bhóthar Thuama go dtí an N6/M6 agus isteach ar Thimpeallán na Máirtíneach do bhlianta amach anseo le réamhaisnéisí tráchta CNP gan an CCNA N6 a bheith ann agus léirítear leis sin na leibhéil brú tráchta seo a leanas sna buaicuaireanta AM:

- Scuainí feadh an N6 soir atá ann ag acomhal N83 Bhóthar Thuama (idir an N83 agus an N84) ag síneadh siar trí Thimpeallán na gCiarabhánach agus mar sin ag dul i bhfeidhm ar a oibríocht
- Scuainí feadh an R339 siar ag acomhal Chnoc Mhaoil Drise/an N6 ag síneadh siar go dtí Crois an Chairn Mhóir
- Síneann scuainí feadh N83 Bhóthar Thuama sa treo isteach go dtí 5km beagnach ar fad (thart ar 2km níos faide ná acomhal Bhóthar na Páirce Móire)
- Síneann scuainí feadh an N6/M6 sa treo isteach go dtí 4km beagnach ar fad thar acomhal an M6/R381.

3.6.2 Tá seatanna scáileáin ón tsamhail ina léirítear na pointí thuas ar fáil thíos.

**Léaráid 9: Bealach isteach an M6/N6 chuig Timpeallán Chúil Each**



**Léaráid 10: Bealach isteach N67/Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath go Timpeallán na Máirtíneach**



**Léaráid 11: Acomhal N6/N83 Bhóthar Thuama**



*Nóta: Tá íomhá ar an mapáil chúlra den timpeallán a bhí ann roimhe seo ag an acomhal ach baineann an códú sa tsamhail leis an acomhal comharthaithe reatha.*

**Léaráid 12: Trácht Soir an N6 ag síneadh siar go dtí Timpeallán na gCiarabhánach**



**Léaráid 13: Acomhal N83 Bhóthar Thuama/Bhóthar na Páirce Móire – scuainí isteach ar Bhóthar Thuama ag síneadh thar Acomhal Bhóthar na Páirce Móire leis an N83**




**Léaráid 14: Bealach isteach Siar an R339 go N6/Acomhal Chnoc Mhaoil Drise**



## An tionchar mura soláthrófar an SIG iomlán

3.6.3 Léirítear sna figiúirí thuas tionchair tráchta an Cháis 'Íosmhéid a Dhéanamh' (gan an SIG iomlán i bhfeidhm) faoi réamhaisnéisí fáis CNP. Faoi mar a léirítear i **Léaráid 15**, tá an brú tráchta iomlán do Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe (a thomhaistear in iomlán uaireanta [1]PCU) sa chás 'Íosmhéid a Dhéanamh' 135% níos airde ná mar a bhí i gcás na Bonnlíne le linn na mbuaicuaireanta AM. Is ionann é sin agus 2,000 uair bhreise (suim na moille a bhíonn ar gach feithicil ar na ngréasán) i scuainí le linn na mbuaicuaireanta AM.

**Léaráid 15: Brú Tráchta AM i Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe**




3.6.4 Tá leibhéal an bhrú tráchta a bhíonn ann sa Chás 'Íosmhéid a Dhéanamh' doláimhsithe agus beidh tionchair dhíobhálacha aige ar gach mhodh iompair, lena mbainfidh na héifeachtaí seo a leanas:

- **Iompar Poiblí:** Cé gur féidir tosaíocht busanna a chur ar fáil i lár na cathrach agus feadh príomhchonairí, beidh moilleanna suntasach ar na seirbhísí bus fós ag acomhail ríthábhachtacha ar fud ghréasán na cathrach. Beidh fadhbanna oibriúcháin suntasacha don iompar poiblí mar thoradh air sin, rud a bheidh ina chúis le seirbhís bun neamhiontaofa;
- **Rothaíocht**: Beidh scuainí suntasacha ar Bhóthar na dTreabh agus feadh líon bealaí gathacha a théann isteach sa chathair mar

[1] Tomhaistear an brú tráchta iomlán in uaireanta PCU (aonad an chairr paisinéirí) arbh é sin suim na moille a bhíonn ar gach feithicil ar ghréasán Chathair na Gaillimhe.

thoradh ar an leibhéal moille atá réamh-mheasta. Cruthóidh sé sin timpeallacht mhíthaitneamhach agus chontúirteach do rothaíocht;

- **Siúl**: Leanfaidh na méideanna tráchta, go háirithe Feithiclí Earraí Troma, ag ardú i lár na cathrach, rud a mbeidh méadú ar astaíochtaí díobhálacha feithicle agus ceisteanna sábháilteachta do choisithe mar thoradh air.

- **Carranna Príobháideacha agus Lastas:** Tiocfaidh méadú 50% os cionn na leibhéal reatha ar agaí turais soir siar trasna na cathrach mar thoradh ar an leibhéal moille atá réamh-mheasta. Cruthóidh sé sin bac ar thaisteal agus cuirfear srian ar fhás eacnamaíoch na cathrach.

- **Gach Modh Iompair**: Beidh gach modh iompair san iomaíocht le haghaidh spás agus acmhainn luachmhar bóthair ag acomhail, rud a mbeidh gréasán iompair a éireoidh níos contúirtí do gach úsáideoir bóithre mar thoradh air;

3.6.5 Faoi mar a sonraíodh roimhe seo, is é an príomhsprioc don CNP Cathair na Gaillimhe agus cathracha réigiúnacha eile a fhorbairt mar chúiteamh go Baile Átha Cliath, ag díriú ar fhás amach anseo i mórcheantar na cathrach. Mar sin féin, gan infheistíocht shuntasach i ngach modh iompair, faoi mar atá leagtha amach sa SIG, cuirfidh an leibhéal brú tráchta atá réamh-mheasta bac ar fhás inbhuanaithe na cathrach. Beidh tionchair shuntasacha shocheacnamaíocha aige sin do Chathair na Gaillimhe agus do réigiún an iarthair ina iomláine, lena n-áirítear:

- Lorgóidh daoine caighdeán beatha níos fearr, ag roghnú go gcónóidh siad i limistéir lasmuigh den chathair nach bhfuil plódaithe i limistéir ó thuaidh agus soir ó Ghaillimh (amhail Tuama agus Áth an Rí) a bhfuil rochtain réasúnta acu ar an gcathair;

- Roghnóidh cuideachtaí lonnú in áit éigin eile mar go mbeidh sé ag éirí níos deacra agus níos strusmhaire ag fostaithe obair a rochtain;

- Roghnóidh infheisteoirí ionchasacha suíomhanna eile ina bhfuil rochtain níos tapa agus níos iontaofa ar an ngréasán bóithre náisiúnta;

3.6.6 I gcodarsnacht leis an méid thuas, le soláthar iomlán an SIG, a bhfuil an CCNA N6 ina phríomh-chomhpháirt de, beidh daonra agus fostaíocht na cathrach ábalta fás suas le 50% ar dhlúthmhodh, ag tacú le taisteal trí mhodhanna inbhuanaithe agus ag coimeád gréasán iompair a fheidhmíonn.

## 3.7 Freagairt ar Aighneachtaí

Tá an CCNA N6 ina chuid lárnach de Straitéis Iompair na Gaillimhe. Imríonn an brú tráchta a bhíonn ar Ghréasán na Gaillimhe faoi láthair tionchar ar oibriú gach modha iompair, le hagaí turais iomarcacha do charranna príobháideacha, seirbhísí bus malla agus neamhiontaofa agus timpeallacht mhítharraingteach do gach mhodh gníomhach.

Gan cur chun feidhme iomlán an SIG (lena n-áirítear an CCNA N6), leis an éileamh réamh-mheasta ar thaisteal atá beartaithe faoi chásanna fáis CNP éireoidh na fadhbanna oibriúcháin ar an ngréasán agus moilleanna breise agus fadhbanna iontaofachta agaí turais a tharlaíonn i ngach modh níos measa.

Faoin CNP, sainaithnítear Gaillimh mar ionad réigiúnach in iarthar na hÉireann a sholáthraíonn cúiteamh sóisialta agus eacnamaíoch tábhachtach go Baile Átha Cliath. Gan infheistíocht ar bith ar fud na modhanna iompair ar fad ní bheifear ábalta fás inbhuanaithe na cathrach a bhaint amach mar atá sé beartaithe sa CNP.

# 4 Cur chun feidhme an SIG:

## 4.1 Ábhar aighneachtaí

4.1.1 Ardaíodh in aighneachtaí le linn Mhodúl 2 maidir lena mhéid ar cuireadh an SIG chun feidhme go dtí seo agus an clár dá soláthar iomlán agus pléitear an dá ghné sa chuid seo.

## 4.2 Cur chun feidhme an SIG:

4.2.1 Tá an SIG á chur chun feidhme anois agus tá sé cuimsithe i bPleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe. D'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe pleananna soláthair seirbhíse, agus tá na pleananna sin á maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair na hÉireann de réir mar is gá. Tá soláthar an SIG faoi lánseol cheana agus fócas á chur ar siúl, rothaíocht agus iompar poiblí chun freastal ar riachtanais reatha na cathrach.

4.2.2 Tá an clár oibreacha agus seirbhísí leagtha amach ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ina Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse, a ullmhaíodh i gcomhréir le hAlt 134 (A) den Acht Rialtas Áitiúil 2001. Tá an plean faofa ag an gcomhairle agus tugtar san áireamh ann an caiteachas buiséadach is gá sa bhliain airgeadais. Is iad seo a leanas príomhthionscadail faoin SIG i bPlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

- Nasc Traschathrach na Gaillimhe: Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil ón 22 Deireadh Fómhair 2020, tús curtha leis an bPlean um Éagsúlacht go Forbairt, próiseas pleanála le tosú i R1, 2021.
- Droichead Rothaíochta agus Coisithe Dhroichead na mBradán: Scéim le cur isteach chuig an mBord Pleanála i R4 2020, agus Tús na Tógála 2021
- Forbairt tograí tosaíochta bonneagair don ghréasán busanna lasmuigh de chios an Naisc Thraschathrach: Ar siúl
- Feabhsuithe ar an rochtain iompair go dtí na hArdáin Theas: Tús na Tógála R1, 2021
- Cur chun feidhme Straitéis Rothaíochta na Gaillimhe lena n-áirítear glasbhealaí, príomhbhealaí, bealaí tánaisteacha agus bealaí friotalacha: Tús na Tógála 2021
- BusConnects Gaillimh - Bóthar Bhaile Átha Cliath, cuireadh tús le Comhairliúchán Neamhreachtúil ar an 8 Deireadh Fómhair 2020.
- Cur chun feidhme phatrún seirbhíse bus athshamhlaithe an SIG (Bus Connects) i gCathair na Gaillimhe: Ar siúl

- Rochtain fheabhsaithe ar iompar poiblí amhail feabhsuithe ar stadanna/scáthláin bhus: Tosaithe 2020 le soláthar 19 scáthlán úra bus. Leanfar leis an gclár in 2021
- Bainistíocht inbhuanaithe páirceála agus cur i bhfeidhm tionscnamh comhlántach amhail comhroinnt rothar agus comhroinnt carranna poiblí: Ar siúl
- Feabhsuithe rochtana do choisithe amhail cosáin siúil chuig iompar poiblí: Ar siúl
- Cothabháil, méadú agus comhtháthú an Ionaid Bainistíochta Tráchta Uirbigh (UTMC): Ar siúl
- Forbairt beartais agus réamhphleanáil maidir le roghanna aistrithe modhanna le haghaidh mórfhorbairtí: Ar siúl
- Láithreáin aiseanna páirceála agus taistil a aithint: Ar siúl
- CCNA N6: ag éisteacht um phleanáil faoi láthair. Is é sin beart meántéarmach maidir le clár an SIG.

4.2.3 Tá a lán de na cuspóirí agus na beartais chéanna sa SIG leabaithe sa Phlean Forbartha Cathrach chomh maith, lena n-áirítear líon beart a dhírítear ar fhócas an taistil a aistriú laistigh de lár na cathrach go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Áirítear ar na bearta sin:

- Forbairt amach anseo a chomhchruinniú i láithreáin athfhorbraíochta i lár na cathrach (Rinneadh sin a neartú níos déanaí trí chreat náisiúnta pleanála an Rialtais)
- Infhaighteacht agus costas na páirceála i lár na cathrach a rialú
- Pleananna bainistíochta soghluaisteachta a fhorbairt do mhórionaid fostaíochta
- Laghdú ar chaighdeáin pháirceála le haghaidh forbairtí úra atá lonnaithe gar do chonairí iompair phoiblí
- Trácht ó shráideanna áirithe a theorannú
- Cion mór den pháirceála ar an tsráid a bhaint i lár na cathrach chun tosaíochta níos mó a chur ar fáil do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí

4.2.4 Tá na bearta bainistíochta éilimh atá léirithe thuas á soláthar ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Mar shampla, leis an Nasc Traschathrach beidh teorainn ar an trácht ginearálta dul isteach sa chathair. Beidh teorainn tráchta i bhfeidhm ar Dhroichead na mBradán, agus feadh Ascaill San Uinseann, Sráid Eglinton, an Fhaiche Mhór agus Sráid Forster agus cuirfear trácht neamhriachtanach ar mhalairt slí ar shiúl ón mbealach chun tús áite a thabhairt d’iompar poiblí, siúl agus rothaíocht.

4.2.5 Leis an Nasc Traschathrach beifear ábalta forbairt inbhuanaithe a chumasú i lár na cathrach ar láithreáin athfhorbraíochta. Áirítear ar dhlúthfhorbairtí úra i láithreáin athfhorbraíochta ag an gcéim pleanála nó tógála Cé Bonham, Stáisiún Cheannt, Cearnóg na Corónach; áirítear ar chinn eile atá ag ardchéim deartha Bóthar an Ghainimh agus ceantar na nDugaí.

4.2.6 Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas ar caighdeáin laghdaithe pháirceála i láithreáin athfhorbraíochta úra dá leithéid i lár na cathrach. Mar shampla, i gCé Bonham, beidh soláthar teoranta páirceála laistigh de láithreán na forbartha ina chúis le ardspleáchas i measc fostaithe ar thaisteal ar gach modh inbhuanaithe iompair, amhail busanna agus traenacha, siúl agus rothaíocht.

4.2.7 Déantar tionchair fhéideartha maidir le tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar na leibhéil pháirceála thar an méid ar a ndearnadh measúnú sa SIG mar bheart éifeachtach bainistíochta éilimh a phlé i gCuid 6.3 den doiciméad seo.

## 4.3 Freagairt ar Aighneachtaí

Tá cur chun feidhme an SIG fós ar siúl, agus cuireadh béim sna bearta tosaigh ar na modhanna gníomhacha agus ar bhearta iompair phoiblí. Tá an CCNA N6 ina chuspóir meántéarmach go fadtéarmach den SIG.

# 5 Conas a Oibríonn an tSamhail: Tosca a imríonn tionchar ar an rogha mhodha

## 5.1 Ábhar aighneachtaí

5.1.1 In aighneachtaí chuig an éisteacht ó bhéal ón Uasal Mulligan fiosraíodh cad iad na tosca laistigh den tsamhail iompair a imríonn tionchar ar an rogha mhodha. Sa chuid seo tugtar forléargas ar chumas na samhla iompair agus leagtar amach na tosca a imríonn tionchar ar an rogha mhodha agus na boinn tuisceana lena gcuirtear taca faoi réamhaisnéisí amach anseo.

## 5.2 Samhail Réigiún an Iarthair

5.2.1 Samhail iompair ilchóracha is ea Samhail Réigiún an Iarthair (SRI) do chontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh, Liatroma agus Dhún na nGall, agus fócas ar chathair na Gaillimhe. Is féidir leis siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a shamhaltú chomh maith le turais i bhfeithiclí príobháideacha. Rinneadh an t-éileamh ar thaisteal laistigh den tsamhail a chalabrú ag baint úsáid as bunachar sonraí an Áirimh Taifead Gan Ainm – Ionad Oibre, Scoil nó Coláiste (POWSCAR) a próiseáladh agus a úsáideadh chun na deighiltí modha agus dáiltí na bhfad turais a chalabrú le haghaidh aicmí na n-úsáideoirí comaitéireachta agus oideachais a tharlaíonn sna buaicuaireanta; agus ag baint úsáid as sonraí ón Suirbhé Náisiúnta Taistil Tí (NHTS) 2012 a próiseáladh agus a úsáideadh chun na deighiltí modha agus dáiltí na bhfad turais don chuid eile den taisteal sna huaireanta seachbhuaice a chalabrú.

5.2.2 Leis an tsamhail is féidir a réamh-mheas conas is féidir le scéim iompair tionchar a imirt ar rogha mhodha taistil daonra.

5.2.3 Baineann an modh iompair a roghnaítear le haghaidh turas aonair, leis na príomhthosca seo a leanas:

- Má tá carr ar fáil don turas
- Infhaighteacht agus costas na páirceála ag an ceann scríbe
- An t-aga taistil don turas ar gach modh (carr, iompar poiblí, siúl agus rothaíocht)
- An t-aga feithimh (a bhaineann leis an minicíocht a nglactar léi) le haghaidh na seirbhíse iompair phoiblí ábhartha
- Fad turais
- Costas an turais - táillí iompair phoiblí agus costais reáchtála na feithicle

- Paraiméadair iompair a bhaineann le taisteal agus rogha mhodha

5.2.4 Rinneadh an SRI a chalabrú agus a bhailíochtú ag baint úsáid as sonraí maidir le taisteal agus deighilt mhodúil lena chinntiú go mbeidh tionchar gach ceann de na tosca thuas léirithe go beacht agus an rogha mhodha á ríomh. Tá sonraí iomlána maidir leis an mbailíochtú samhla ar fáil inAguisín A.6.1. den EIAR (anseo).

5.2.5 Tá tuilleadh eolais faoi ról na dtosca thuas ar fáil thíos.

***Infhaighteacht cairr***

5.2.6 Bíonn tionchar ag infhaighteacht cairr do dhuine ar rogha mhodha turais . Beidh duine aonair ag a mbeidh carr le haghaidh turais, agus páirceáil ag an gceann scríbe ar fáil dó nó di, ábalta roghnú ó gach modh taistil agus a dturas á dhéanamh acu. Os a choinne sin, mura bhfuil carr ar fáil don turas, beidh an rogha mhodha teoranta d'iompar poiblí, siúl nó rothaíocht.

5.2.7 Glactar leis go mbeidh leibhéil na hinfhaighteachta cairr amach anseo sa tsamhail comhsheasmhach le leibhéal reatha na húinéireachta cairr. Dá réir sin, léireoidh torthaí na deighilte módúla go bhfuil cion níos mó teaghlach laistigh de Chathair na Gaillimhe nach bhfuil carr ar bith ar fáil acu (~23%) ná mar atá i gContae na Gaillimhe (~9%).

***Páirceáil***

5.2.8 Cuireadh fás suntasach ar an daonra agus ar fhostaíocht san áireamh maidir le samhaltú agus breithmheas na scéime amach anseo, agus é ailínithe leis na réamhaisnéisí atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP). Cé go bhféachtar sa CNP leis an éileamh ar thaisteal i gcarranna a laghdú trí thalamhúsáid agus iompar a chomhtháthú agus go bhfuil beartais ann lena bhféachtar le soláthar páirceála a laghdú, is é an bonn ar a n-oibrítear an tsamhail go mbeidh infhaighteacht carranna (páirceáil do chónaitheoirí) agus spásanna páirceála ag an gceann scríbe (e.g leibhéal na páirceála d'fhostaithe) comhsheasmhach le leibhéil reatha an tsoláthair.

***Aga Taistil***

5.2.9 I samhail an éilimh tugtar san áireamh agaí turais coibhneasta gach modha taistil (carr, iompar poiblí, siúl agus rothaíocht) idir gach ceann aistir agus gach ceann scríbe. Chomh maith leis sin, cuirfear feabhsuithe ar an aga turais ar bhealach ar leith san áireamh i ndáileadh, nó ródú, gach modha, agus is dócha go ndéanfar trácht breise a dháileadh ar bhealach má éiríonn sé níos gasta mar thoradh ar scéim ar leith.  Dá réir sin, cuirtear aga taistil i gcarr agus bealaí úra atá á dtairgeadh do charranna san áireamh sa tsamhail, agus beidh tionchar ag an rogha mhodha ar an aga taistil i gcomparáid leis an aga taistil trí mhodhanna eile.

***Aga feithimh***

5.2.10 Mar atá sé le haga taistil, cuirtear an meán-aga feithimh le haghaidh seirbhís iompair phoiblí ar leith san áireamh i samhail an éilimh. Tá na hagaí feithimh nasctha dá réir sin leis an minicíocht ghlactha do gach seirbhís iompair phoiblí.

***Fad Turais***

5.2.11 Sa rogha mhodha do thuras ar leith, cuirtear fad an turais san áireamh chomh maith, agus ní meastar nach bhfuil siúl agus rothaíocht ina roghanna inmharthana le haghaidh turais níos faide.

***Costas an Turais***

5.2.12 Tagraíonn costas an turais don airgeadaíocht nó costais as póca as turas agus áirítear leis táillí iompair phoiblí as turais a dhéantar ar iompar poiblí nó costas an bhreosla agus costais caithimh as turais i bhfeithiclí príobháideacha. Cuirtear an costas airgeadaíochta coibhneasta as turas a dhéanamh san áireamh i samhail na rogha modha.

***Paraiméadair iompair***

5.2.13 Chomh maith leis an méid thuas, imríonn tosca eile tionchar ar chinntí deighilte módúla daoine chomh maith. Mar shampla, b'fhéidir go roghnódh roinnt daoine dul chun na hoibre ar rothar ar chúiseanna sláinte fiú go bhféadfadh sé go mbeadh sé níos gasta dóibh tiomáint nó iompar poiblí a úsáid. Cuirtear na "paraiméadair iompair" san áireamh i gcomhpháirt shamhail an éilimh den SRI.

5.2.14 Le linn fhorbairt an SRI, rinneadh anailís ar an bhfaisnéis ón áireamh agus suirbhéanna taistil (amhail an suirbhé náisiúnta taistil tí) chun an dóchúlacht go dtaistealódh duine ar mhodh ar leith a dheimhniú. Cuirtear na paraiméadair chinnteoireachta san áireamh chomh maith agus an rogha mhodha amach anseo á samhaltú. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur glacadh leis go mbeidh an t-iompar sin seasmhach le himeacht ama sa SRI.

## 5.3 Boinn Tuisceana um Shamhaltú an CCNG N6

5.3.1 Tá na boinn tuisceana ghaolmhara um shamhaltú do na paraiméadair ábhartha thuas a úsáideadh in anailís na scéime léirithe thíos. Tabhair do d'aire gur luachanna socraithe is ea Aga Taistil, Aga Feithimh, Fad Turais, Costas an Turais agus nach bhfuil siad spleách ar na boinn tuisceana sin.

***Infhaighteacht cairr***

5.3.2 Is cosúil go leanfaidh an laghdú ar úinéireacht cairr i measc aosaigh óga le deich mbliana anuas ar aghaidh amach anseo agus na beartais rialtais le déanaí maidir le hathrú aeráide agus astaíochtaí feithiclí á gcur san áireamh. Féachtar ar na leibhéil infhaighteachta cairr a nglactar leo laistigh de shamhail na bliana réamhaisnéise don CCNA N6, dá réir sin, mar a bheith coimeádach i gcomhthéacs tuartha um dheighilt mhodúil agus soláthraíonn siad cás láidir chun na tionchair dhóchúla tráchta ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a mheasúnú. Leis an gcur chuige coimeádach sin éascaítear measúnú láidir chomh maith ar na tionchair ar chaighdeán an aeir agus torainn, toisc go mbaintear leas as réamhaisnéisí tráchta sa dá mheasúnú sin.

***Páirceáil***

5.3.3 Cé gur cuireadh na réamhaisnéisí daonra CNP sa áireamh i samhaltú na mblianta amach anseo, ní dhearna an laghdú ar spásanna páirceála ag an gceann aistir nó ag an gceann scríbe a shamhaltú; seachas sin glactar leis an soláthar céanna ag an gceann aistir agus ag an gceann scríbe. Féachtar ar na leibhéil sin mar a bheith coimeádach agus soláthraíonn siad cás láidir chun na tionchair dhóchúla tráchta ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a mheasúnú.  Is é tionchar an chur chuige sin go bhfuil na líonta tráchta le haghaidh measúnuithe amhail aer agus torann láidir ach is iondúil go mbíonn deighilt mhodúil carranna príobháideacha níos airde ná i gcás go gcuirfí srianta méadaithe ar pháirceáil san áireamh.

***Paraiméadair iompair***

5.3.4 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur glacadh leis go mbeidh an t-iompar a sonraíodh thuas seasmhach le himeacht ama. In ainneoin sin, leis na hathruithe le déanaí ar bheartas na rialtais, atá múnlaithe ag an mian náisiúnta agus dhomhanda astaíochtaí carbóin a laghdú, is dócha go n-athrófar dearcthaí daoine i leith taisteal inbhuanaithe sa mheántéarma go dtí an fadtéarma.  Dá réir sin, féachtar ar na boinn tuisceana maidir le hiompar taistil i samhaltú na mblianta amach anseo atá curtha i láthair go dtí seo sa Tuarascáil MMT agus i bhFreagairt RFI mar a bheith coimeádach agus soláthraíonn siad cás láidir chun na tionchair dhóchúla tráchta ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a mheasúnú.

## 5.4 Freagairt ar Aighneachtaí

Glacadh boinn tuisceana choimeádacha in anailís na forbartha bóthair atá beartaithe chun measúnú láidir ar na tionchair tráchta a d’fhéadfadh teacht chun cinn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe a sholáthar.

Is cosúil go mbeidh tionchar na hathruithe ar an mbeartas réigiúnach agus náisiúnta le déanaí ar iompar taistil amach anseo, rud a mbeidh torthaí iompair níos inbhuanaithe mar thoradh air. Mar thoradh ar athruithe ar infhaighteacht cairr, soláthar páirceála nó iompar taistil daoine beidh an deighilt mhodúil d’iompar inbhuanaithe níos mó ná mar a bhí sé tuartha sa Tuarascáil MTT.

# 6 Torthaí na Deighilte Módúla

## 6.1 Comhthéacs aighneachtaí

6.1.1 Cuireadh measúnuithe éagsúla maidir le deighilt mhodúil i láthair i gcomhair cásanna éagsúla agus réamhaisnéisí daonra agus fostaíochta difriúla. Tá an chéad chur i láthair sonraí sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT). Tá nuashonrú ar na sonraí sin curtha i láthair i bhFreagairt an Iarratais ar Fhaisnéis Bhreise (RFI) chun aghaidh a thabhairt ar na réamhaisnéisí athbhreithnithe daonra sa CNP. Tá tuilleadh eolais faoi na cásanna CNP ar fáil sa Ráiteas um Fhianaise ar Thrácht inar cruthaíodh tuilleadh ceisteanna ina dhiaidh sin. Cuirtear soiléireacht ar fáil sa chuid seo maidir leis na torthaí difriúla a cuireadh i láthair go dtí seo.

## 6.2 Measúnú Iompair an TMTT

6.2.1 Chun Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú, rinneadh tionchar an CCNA N6 a mheasúnú mar scéim neamhspleách (i.e. scéim ar leith ó SIG). Déantar na tionchair iompair straitéiseacha agus áitiúla a bhaineann leis an CCNA N6 a phlé, a mheasúnú agus a mheas i gCaibidil 6 den TMTT.

6.2.2 Is féidir an mhodheolaíocht le haghaidh an mheasúnaithe tráchta agus iompair a achoimriú faoi mar a leanas:

- Athbhreithniú bonnlíne i ndáil leis an gcás tráchta atá ann a dhéanamh
- Samhaltú iompair a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar bhlianta amach anseo
- Measúnú a dhéanamh ar thorthaí samhaltaithe iompair
- Tionchair iompair ar bith a shainaithint, bearta um maolú atá beartaithe a fhorbairt agus a thástáil chun tionchair iompair dhiúltacha ar bith a sainaithníodh lena mbaineann tábhacht mhór a bhaint agus/nó a laghdú
- Tionchair iarmharacha ar bith a thiocfadh as an trácht réamhaisnéisithe mar aon le bearta um maolú atá beartaithe a dheimhniú.

6.2.3 Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar thionchair an CCNA N6 mar scéim neamhspleách, taifeadtar sa mheasúnú tráchta don TMTT tionchair an CCNA N6 atá i bhfeidhm chomh maith leis na tograí um thaisteal gníomhach, iompar poiblí agus bonneagar bóithre atá cuimsithe sa SIG. Ós rud é gur straitéis 20 bliain é cur i bhfeidhm an SIG, ní dhearnadh an tástáil íogaireachta ach i mBliain Deartha 2039.

Teastaíonn tástáil íogaireachta mar sin toisc mar gheall ar an SIG go bhféadfadh sé go dtiocfadh méadú ar mhéideanna tráchta ar an CCNA N6 mar gheall ar cur as áit an tráchta. Arís, i gcás go bhfuil sé beartaithe, déantar bearta um maolú a sheiceáil i gcoinne an Cháis CCNA N6+SIG sin lena chinntiú go soláthrófar maolú dóthanach le haghaidh tionchair shuntasach dhiúltacha tráchta ar bith.

6.2.4 Chun measúnú láidir a sholáthar, rinneadh roinnt tástálacha íogaireachta um ráta fáis (fás íseal, lárnach, ard) a shamhaltú sa TMTT. Bhí na cásanna fáis sin bunaithe ar na réamhaisnéisí déimeagrafacha is déanaí a bhí ar fáil ag an am agus ba iad an ÚNI (fás íseal) agus Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ Fás Lárnach agus BIÉ Fás Ard) a sholáthair iad.

6.2.5 Sa MTT rinneadh measúnú ar thionchar tráchta an CCNA N6 ag baint úsáid as na príomhtháscairí feidhmíochta seo a leanas:

- **Agaí turais ar na príomhbhealaí** – chun tionchair straitéiseacha a thuiscint
- **Staidreamh gréasáin** – Táscairí ar fud an ghréasáin maidir le brú tráchta agus moill
- **Cóimheas idir sreabhadh agus acmhainn ag príomhacomhail** – chun tionchair áitiúla, brú tráchta agus scuainí a thuiscint.

6.2.6 Rinneadh athruithe ar an deighilt mhodúil atá réamh-mheasta mar gheall ar chur chun feidhme an CCNA N6 mar thionscadal neamhspleách agus i gcomhcheangal leis an SIG a thuairisciú chomh maith.

6.2.7 Lena chois sin, soláthraíodh réamhaisnéisí tráchta do gach cás do dhisciplíní éagsúla (Aer, Torann agus Aeráid) chun tionchair choibhneasta na scéime a dheimhniú. Baineadh úsáid ansin as sreafaí tráchta réamh-mheasta um chás fáis aird chun na bearta um maolú a theastaíonn a dheimhniú.


6.2.8 I dTábla 6.32 i gCaibidil 6 den TMTT cuirtear an deighilt mhodúil idir feithiclí príobháideacha, iompar poiblí, siúl agus rothaíocht i láthair le haghaidh na Bonnbliana 2012, na Bliana Tosaigh 2024 agus na Bliana Deartha 2039, a baineadh ón tsamhail tráchta do lár na cathrach thar thréimhse 24 uair an chloig le aghaidh turas a rinne gach aicme úsáideora.

**<u>Limistéar Lár na Cathrach</u>**

6.2.9 Le linn fhorbairt SRI an ÚNI, roinneadh Cathair na Gaillimhe ina 5 limistéar. Tá Lár Chathair na Gaillimhe cuimsithe i Limistéar 1 agus baineann an tuairisciú ar dheighiltí módúla lár na cathrach le turais

isteach sa limistéar sin agus amach as thar thréimhse 24 uair an chloig. Tá limistéar lár na cathrach sin léirithe i **Léaráid 16.**

**Léaráid 16: TMTT Limistéar Lár na Cathrach**




6.2.10 Tá torthaí na bonnbhliana agus na bliana deartha ón TMTT léirithe arís i **dTábla 4** thíos. Toisc nach mbaineann torthaí thástáil íogaireachta an SIG infheidhme ach le cás 2039, níor cuimsíodh cás 2024 sa tábla seo.

**Tábla 4: Céatadáin na Deighilte Módúla do Lár na Cathracha (sliocht ó Thábla 6.32 an TMTT)**

| Rogha | % Carranna | % Iompair Phoiblí | % Siúil | % Rothaíochta |
|---|---|---|---|---|
| Bonnbhliain 2012 | 66.7% | 3.9% | 26.3% | 3.1% |
| 'Íosmhéid a Dhéanamh' 2039 | 67.4% | 4.3% | 25.2% | 3.1% |
| 'Rud Éigin a Dhéanamh' CCNG N6 2039 | 68.6% | 4.1% | 24.5% | 2.8% |
| 'Rud Éigin a Dhéanamh' CCNG N6 + SIG 2039 | 67.3% | 5.0% | 24.9% | 2.8% |

6.2.11 Tabhair do d'aire chomh maith go bhfuil an tábla thuas cuimsithe chomh maith mar Thábla 6.5.1 in Aguisín A.6.1 den TMTT.

6.2.12 Léirítear san anailís ar an deighilt mhódúil go bhfuil deighilt íseal iompair phoiblí de 4% go díreach sa Bhonnbhliain. Tá an tionchar maidir le rogha 'Rud Éigin a Dhéanamh' an CCNA N6 ar an deighilt mhódúil an-bheag. Le tástáil an SIG tagann méadú 5.0% ar an deighilt mhódúil iompair phoiblí, arb é sin méadú 16% ar thurais Iompair Phoiblí i gcomparáid leis an gCás 'Íosmhéid a Dhéanamh' in 2039 faoi mar a léirítear sa TMTT ag baint úsáid as réamhaisnéis fáis lárnaigh BIÉ.

6.2.13 Ó críochnaíodh an TMTT, rinneadh tuilleadh oibre chun an scéim a mheasúnú. Áiríodh ar an obair bhreise sin cás 2040 an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) chun scrúdú a dhéanamh ar thionchair na réamhaisnéisí nuashonraithe daonra agus fostaíochta ar an scéim. Aithnítear sa CNP an ról a bheidh ag Gaillimh agus ag cathracha réigiúnacha eile maidir le cúiteamh go Baile Átha Cliath a sholáthar agus sannadh réamhaisnéis fáis daonra de 50%-60% do Chathair na Gaillimhe. Tá sé sin i gcomparáid le fás daonra de 14% go díreach don chathair mar atá léirithe i réamhaisnéis fáis lárnaigh BIÉ atá cuimsithe i gCaibidil 6 den TMTT.

6.2.14 Sa chuid seo a leanas den doiciméad léirítear torthaí chásanna an CNP.

## 6.3 Réamhaisnéisí an CNP

### Iarratas ar shoiléiriú

6.3.1 Sa RFI iarradh soiléiriú ar an dóigh ar dócha go bhfreagróidh réamhaisnéisí tráchta ar na spriocanna um fhás daonra sa CNP. Is ionann an réamhaisnéis fáis daonra do Chathair na Gaillimhe faoin CNP agus thart ar 55%, i gcomparáid le réamhaisnéis 22% do Chontae na

Gaillimhe. Tá cion suntasach den mhéadú daonra réamhaisnéisithe i gCathair na Gaillimhe lonnaithe i Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe faoi mar a léirítear i **Léaráid 18**.

6.3.2 Sa chuid seo a leanas léirítear na boinn tuisceana a úsáideadh i dtástálacha cáis an CNP agus na réamhaisnéisí um dheighilt mhódúil a bhí mar thoradh orthu. Ar deireadh, sa rannóg seo déanfar anailís ar cén tionchar ar dócha a bheidh ar na réamhaisnéisí um dheighilt mhódúil mar gheall ar an mbeartas náisiúnta agus áitiúil a athrú (amhail cur chun feidhme na bainistíochta éilimh).

### Réamhaisnéis Daonra agus Fáis an CNP

6.3.3 Chun éileamh taistil maidir le Cásanna Shamhail Réigiún an Iarthair (SRI) um Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) 2039 a fhorbairt, b'éigean Scarbhileog um Pleanáil Talamhúsáide a ullmhú ar dtús, inar cuimsíodh réamhaisnéisí daonra, fostaíochta agus oideachais do Chathair na Gaillimhe agus do Chontae na Gaillimhe in 2039. Chun cuidiú le dáileadh an fháis daonra agus fostaíochta réamhaisnéisithe a shocrú, rinne baill de rannóg pleanála Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe athbhreithniú cuimsitheach ar réamhaisnéisí an CNP ag an leibhéal áitiúil / sráide. Ag baint úsáid as eolas áitiúil, bhí na rannóga pleanála ábalta leibhéal eile dí-chomhiomlánaithe a sholáthar ag baint úsáid as an bhfaisnéis seo a leanas:

- Iarratais ar phleanáil a bhí ann cheana (lena n-áirítear SHDanna)
- Criosú talamhúsáide agus cóimheasa ceapach a bhí ann cheana
- Beartas atá ann agus beartas atá ag teacht chun cinn

6.3.4 Ag baint úsáid as an bhfaisnéis thuas, rinne na foirne pleanála spriocanna déimeagrafacha an CNP a bheachtú, ag dáileadh fáis ar limistéir a cuireadh ar leataobh lena bhforbairt, agus bunaigh siad an tsraith dheiridh de bhoinn tuisceana um pleanáil an CNP a bhí i bhfad níos airde ná figiúirí an lae inniu.

6.3.5 **I dTábla 5** thíos léirítear réamhaisnéisí daonra an CNP 2016 agus 2039 do Chathair na Gaillimhe agus do Chontae na Gaillimhe.


**Tábla 5: Dáileadh Daonra**

| Cás | Daonáireamh 2016 | Réamhaisnéisí an CNP 2039 | |
|---|---|---|---|
| | | Iomlán | % an mhéadaithe ó 2016 |
| **Daonra Chathair na Gaillimhe (2039)** | 78,668 | 121,741 | 55% |
| **Daonra Chontae na Gaillimhe 2039** | 179,390 | 218,459 | 22% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Iomlán na Gaillimhe** | **258,058** | **340,200** | **32%** |

6.3.6 I **Léaráid 17** thíos taispeántar dáileadh dhaonra breise na cathrach ((~43,000).

**Léaráid 17: Fás Daonra na Cathrach i CNP 2039**



## Deighiltí Módúla an CNP

6.3.7 Faoi mar atá sé sa TMTT, rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an CCNA N6, i gcomhthéacs réamhaisnéisí daonra agus fostaíochta níos airde an CNP, ag baint úsáid as na príomhtháscairí seo a leanas:

- **Agaí turais ar na príomhbhealaí** – chun tionchair straitéiseacha a thuiscint
- **Staidreamh gréasáin** – Táscairí ar fud an ghréasáin maidir le brú tráchta agus moill
- **Cóimheas idir sreabhadh agus acmhainn ag príomhacomhail** – chun tionchair áitiúla, brú tráchta agus scuainí a thuiscint

6.3.8 Arís faoi mar atá sé sa TMTT, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar thionchair an CCNA N6 mar scéim neamhspleách, taifeadtar sa mheasúnú tráchta tionchair an CCNA N6 atá i bhfeidhm chomh maith leis na tograí um thaisteal gníomhach, iompar poiblí agus bonneagar bóithre atá cuimsithe sa SIG, agus arís, tuairiscíodh an deighilt mhódúil sa chuid seo de mheasúnú tráchta an CNP.

6.3.9 Ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir an Cheartúcháin a cuireadh isteach ag an éisteacht ó bhéal, nach raibh luachanna na deighilte módúla atá sa Fhreagairt RFI do limistéar lár na cathrach comhsheasmhach le teorainn lár na cathrach a úsáideach sa TMTT (agus atá léirithe i **Léaráid 16** thuas). Tá na luachanna ceartaithe, arna léiriú i Ráiteas um Fhianaise ar Thrácht Andrew Archer (Tábla 6 den Ráiteas um Fhianaise ar Thrácht), leagtha amach thíos.

**Tábla 6: Céatadáin um Dheighilt Mhódúil Lár Na Cathrach 24 uair an chloig sa CNP**

| Rogha | % Carranna | % Iompair Phoiblí | % Siúil | % Rothaíochta |
|---|---|---|---|---|
| Bonnbhliain 2012 | 66.7% | 3.9% | 26.3% | 3.1% |
| **Réamhaisnéis an CNP** | | | | |
| Cás ‘Íosmhéid a Dhéanamh’ 2039 | 61.2% | 5.4% | 29.3% | 4.1% |
| Cás ‘Rud Éigin a Dhéanamh’ CCNG N6 2039 | 64.1% | 5.0% | 27.6% | 3.3% |
| Cás ‘Rud Éigin a Dhéanamh’ CCNG N6 2039 agus Cás CNP Straitéis Iompair na Gaillimhe | 56.0% | 6.8% | 31.2% | 6.0% |

6.3.10 Agus cás CNP 'Íosmhéid a Dhéanamh' 2039 á chur i gcomparáid le 'Rud Éigin a Dhéanamh' CCNA N6 2039 agus Cás SIG, léirítear sna torthaí:

- Laghdú 5.2% ar thaisteal i gcarranna i gCathair na Gaillimhe na Gaillimhe go dtí 56%. Is ionann é sin agus laghdú thart ar 7,300 turas i gcarr i lár na cathrach in haghaidh an lae
- Méadú coibhneasta 26% ar úsáid iompair phoiblí. Is é sin méadú thart ar 2,000 turas ar iompar poiblí in aghaidh an lae
- Méadú coibhneasta 6% ar an méid siúil. Is ionann é sin agus thart ar 2,600 turas sa bhreis ag siúl
- Méadú coibhneasta 46% ar líon na ndaoine ag rothaíocht, arb é sin méadú os cionn 2,700 turas ar rothar in aghaidh an lae i gcomparáid leis an gCás 'Íosmhéid a Dhéanamh;

6.3.11 Sa chomhthéacs foriomlán, taispeántar sna torthaí laghdú ginearálta ar gach deighilt mhódúil le haghaidh carranna i gcomparáid le torthaí um dheighilt mhódúil TMTT agus chás an CNP. Taispeántar leis sin na tairbhí a bhaineann le beart CNP maidir leis an daonra agus leis an bhfostaíocht réamhaisnéisithe a lonnú laistigh de lár na cathrach agus lonnaíochtaí ar a bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go héasca, agus ansin feabhas eile ar an deighilt mhódúil ar féidir é a bhaint amach trí chur chun feidhme iomlán an SIG i gcomhthráth leis an mbeartas talamhúsáide sin.


6.3.12 Agus anailís á déanamh ar thorthaí na deighilte módúla, tá sé tábhachtach a shonrú, ar chúiseanna éagsúla, go bhfuil cion suntasach den éileamh taistil i gCathair na Gaillimhe nach féidir le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht freastal air go héasca.

6.3.13 Tosaíonn 42% de na turais ar fad atá ag dul go Cathair na Gaillimhe (teorainn riaracháin Chathair na Gaillimhe) ó laistigh de Chontae na Gaillimhe faoi láthair. Cé go ndíreofar sa CNP ar chion mór den fhás daonra amach anseo in ionaid uirbeacha agus i limistéir a mbeidh rochtain ag iompar poiblí air, agus suíomh Chathair na Gaillimhe mar an príomhionad fostaíochta don réigiún, táthar ag súil go leanfaidh an patrún seo ar aghaidh amach anseo.

6.3.14 Agus na faid níos faide lena mbaineann á gcur san áireamh, ní féidir na turais sin a dhéanamh ag siúl nó ag rothaíocht. Lena chois sin, agus cineál scaipthe na dturas sin á chur san áireamh (i.e. tosaíonn siad ó gach cearn den chontae seachas iad ar fud a bheith i limistéir áirithe amháin) ní féidir soláthar a dhéanamh leis an iompar poiblí d'fhormhór na dturas sin ar mhodh ina mbeadh iompar poiblí ina rogha inmharthana eile ar an gcarr príobháideach.

6.3.15 Straitéis iompair phoiblí le haghaidh gach modha is ea an SIG agus soláthraítear léi an acmhainn is gá do na turais sin ar féidir iad a dhéanamh ar iompar poiblí, ag siúl nó ag rothaíocht agus na cinn nach féidir, agus ag an am céanna éascaítear fás 50% ar an gcathair. In anailís eile a rinneadh ar phatrúin taistil réamhaisnéisithe i gCás SIG an CNP tá sé tuartha, laistigh de Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe atá taispeánta i **Léaráid 18** thíos, go dtiocfaidh méadú 30% ar úsáid carranna go dtí 2039 agus go dtiocfaidh méadú 60% ar thaisteal inbhuanaithe (siúl, rothaíocht agus iompar poiblí). Léirítear leis sin go mbeidh na tograí um thaisteal inbhuanaithe atá cuimsithe sa SIG éifeachtach maidir le díriú ar na turais sin is féidir athrú.

**Léaráid 18: i Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe**




## 6.4 Tionchair na bainistíochta éilimh ar an deighilt mhódúil

### Bainistíocht éilimh agus an SIG

6.4.1 Le bearta bainistíochta um éileamh taistil déantar iarracht taisteal daoine a bhainistiú seachas féachaint le hacmhainn níos fisicí do thaisteal a lorg. Le bearta bainistíochta um éileamh taistil, áfach, comhlánaítear infheistíocht i mbonneagar iompair inbhuanaithe agus is féidir iad a úsáid chun an acmhainn d'fheithiclí príobháideacha a laghdú nó chun tús áite a thabhairt i dtrácht do sheirbhísí iompair phoiblí úra nó do chinn atá ann cheana.

6.4.2 I Straitéis Iompair na Gaillimhe déantar breac-chuntas ar líon beart um Bainistíocht Éilimh a dhírítear ar fhócas an taistil a aistriú laistigh de lár na cathrach go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Áirítear ar na bearta bainistíochta éilimh sin:

- Forbairt amach anseo a chomhchruinniú i láithreáin athfhorbraíochta i lár na cathrach (Rinneadh é sin a neartú níos déanaí trí chreat náisiúnta pleanála an Rialtais)
- Infhaighteacht agus costas na páirceála i lár na cathrach a rialú
- Pleananna bainistíochta soghluaisteachta a fhorbairt do mhórionaid fostaíochta
- Laghdú ar chaighdeáin pháirceála le haghaidh forbairtí úra atá lonnaithe gar do chonairí iompair phoiblí
- Trácht ó shráideanna áirithe a theorannú
- Cion mór den pháirceála ar an tsráid a bhaint i lár na cathrach chun tosaíochta níos mó a chur ar fáil do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí

6.4.3 Tá a lán de na bearta bainistíochta éilimh atá léirithe thuas ina gcuspóirí tábhachtacha chomh maith atá á soláthar faoin SIG agus is féidir samplaí dá leithéid a fháil i dtionscadail eile atá á gcur chun cinn ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

6.4.4 Le leibhéil mhéadaithe ar an mbainistíocht éilimh i gCathair na Gaillimhe, faoi mar atá beartaithe sa SIG, mar aon le hathruithe ar iompraíocht ar an dóigh a dtaistealaímid ar an leibhéal náisiúnta (mar shampla laghdú ar leibhéil na húinéireachta cairr), comhlánófar an infheistíocht bonneagair sa SIG. Tacóidh sé sin leis an spreagadh le haghaidh deighiltí módúla níos inbhuanaithe, a mbeidh cion níos mó fós den daonra amach anseo a bheidh ag taisteal ar mhodhanna inbhuanaithe iompair mar thoradh air.

### Laghdú ar Leibhéil na Páirceála le haghaidh Forbairtí Úra

6.4.5 Chomh maith leis na bearta um éileamh taistil atá leagtha amach i dTaisteal Níos Cliste d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil '*Tithíocht Uirbeach níos Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Úra – Treoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údaráis Phleanála*' i mí an Mhárta 2018. Soláthraítear treoir sa doiciméad d'údaráis áitiúla agus an riachtanas reatha agus amach anseo maidir le tithíocht á chur san áireamh ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus Tionscadal Éire 2040. Déantar breac-chuntas sa doiciméad ar líon Ceanglas maidir le Beartas um Pleanáil Shonrach (SPPRanna) a gceanglaítear ar údaráis phleanála agus ar an

mBord Pleanála iad a chur i bhfeidhm agus a bhfeidhmeanna á gcur i gcrích acu.

6.4.6 Bunaithe ar réamh-mheastacháin an CNP tá gá le 550,000 teach úr a thógáil ar fud na tíre faoi 2040 chun freastal ar mhéadú de 1 mhilliún duine ar an daonra. Is é an cuspóir go lonnófar na tithe sin i suíomh a bheidh chomh inbhuanaithe agus is féidir laistigh dár mbailte agus dár gcathracha chun dul i ngleic le truailliú agus agaí comaitéireachta atá ag méadú agus a chur ar chumas an stáit a bheith ábalta bonneagar tacaíochta a sholáthar agus bonn údar a thabhairt leis.

6.4.7 Le haghaidh forbairtí cónaithe ard-déine ar mhórscála atá lonnaithe laistigh de shuíomh uirbeach inrochtana sonraítear sna treoirlínte “gurb é an beartas réamhshocraithe an soláthar páirceála a íoslaghdú, a laghdú go suntasach nó deireadh a chur leis go hiomlán i gcúinsí áirithe.” Is iad na critéir do na suíomhanna sin go mbeidh siad laistigh de shiúlóid 15 nóiméad ó lár na cathrach, de shiúlóid 10 nóiméad chuig traenach nó tramanna nó de shiúlóid 5 nóiméad go seirbhísí bus ardmhinicíochta (minicíocht gach 10 nóiméad le linn buaicuaireanta.

6.4.8 Faoi mar atá léirithe sna Ráitis um Fhianaise ar Phleanáil, ar Bheartas agus ar Thrácht, tá forbairtí inbhuanaithe mórscála le déanaí i lár na cathrach, amhail 1000 forbairt chónaithe beartaithe na Gníomhaireachta Forbartha Talún ar Bhóthar an Ghainimh, forbairt mhórscála Oifigí/Miondíola ag Cé Bonham agus athfhorbairt Stáisiún Cheannt mar fhorbairt mhór úsáide measctha, ailínithe leis na prionsabail forbartha inbhuanaithe seo den CNP agus beidh leibhéil i bhfad níos ísle de pháirceáil á soláthar acu ná atá i gceist le caighdeáin íosta páirceála Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi láthair. I **dTábla 7** thíos déantar breac-chuntas ar mhéid na spásanna páirceála atá ceadaithe ag na forbairtí sin agus an leibhéal páirceála is incheadaithe faoi chóimheasa páirceála reatha don chathair.

**Tábla 7: Soláthar Páirceála i bhForbairtí Úra i Lár na Cathrach**

| **Forbairt** | **Spásanna Páirceála atá Curtha ar fáil** | **Spásanna Páirceála atá Ceadaithe bunaithe ar Chóimheasa Pleananna Forbartha** | **% faoi chóimheasa ceadaithe atá ann cheana** |
|---|---|---|---|
| Cé Bonham | 131 | 687 | 80% |
| Athfhorbairt Stáisiún Cheannt | 572 | 1772 | 68% |

### Deighilt Mhódúil le Páirceáil Laghdaithe

6.4.9 Chun an tionchar féideartha ar leibhéil laghdaithe páirceála le haghaidh forbairtí úra ar an deighilt mhódúil i nGaillimh a léiriú, rinneadh tástáil íogaireachta trínar laghdaíodh leibhéal na húinéireachta cairr 50% (athróg ionadach le haghaidh páirceála ag cinn aistir turas) do gach forbairt úr laistigh de Chathair na Gaillimhe ar aon dul leis an mBeartas Náisiúnta.

6.4.10 Taispeántar torthaí na tástála sin i **dTábla 8** thíos. Arís, baineann na torthaí sin le limistéar lár na cathrach atá léirithe i **Léaráid 16** thar thréimhse 24 uair an chloig. Sa tábla seo léirítear go dtiocfaidh laghdú ar an deighilt mhódúil carranna go dtí 44.9% faoi bhoinn tuisceana fáis an CNP nuair a chomhcheanglófar an CCNA N6 le gach beart SIG eile lena n-áirítear an beart um bainistíocht éilimh páirceála níos doichte. Tá sé sin i gcomparáid le 56% gan an beart bainistíochta páirceála i bhfeidhm mar a léirítear i **dTábla 6** thuas.

**Tábla 8: Deighilt Mhodha Lár Chathair na Gaillimhe an CNP 2039 le Bainistíocht Éilimh**

| Rogha | % Carranna | % Iompair Phoiblí | % Siúil | % Rothaíochta |
|---|---|---|---|---|
| 'Rud Éigin a Dhéanamh' CCNG N6 + SIG 2039 le soláthar páirceála 50% | 44.9% | 8.1% | 41.6% | 5.4% |

6.4.11 Léirítear i dtorthaí na deighilte módúla go soláthraíonn soláthar roghanna eile iompair i gcomparáid le bearta an SIG an rogha eile iompair chun tacú leis an athrú ar an mbeartas talamhúsáide atá beartaithe sa CNP. Ní hé gurb é ceann amháin gan an ceann eile faoi mar a fheictear sna codanna seo a leanas maidir le brú tráchta.


6.4.12 Aithnítear soláthar na leibhéal páirceála atá laghdaithe go mór le haghaidh forbairtí úra atá suite gar do chonairí iompair phoiblí ardacmhainne mar uirlis éifeachtach chun taisteal inbhuanaithe a spreagadh agus tá sé cuimsithe sa bheartas náisiúnta. Faoi mar a fheictear i **dTábla 7**, leanadh an treoir seo i gCathair na Gaillimhe in iarratais le déanaí, agus leanfaidh an Chomhairle Cathrach le soláthar forbartha inbhuanaithe amach anseo a spreagadh, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta agus an dea-chleachtas.

### 6.4.13 Brú tráchta le Páirceáil Laghdaithe

6.4.14 I **Léaráid 19** thíos déantar comparáid idir an brú tráchta iomlán AM ar fud limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe (tomhaiste in iomlán uaireanta PCU) do chás SIG 2039 leis an CCNA N6 i bhfeidhm agus

gan an CCNA N6 i bhfeidhm leis na srianta páirceála laghdaithe 50% i ngach forbairt úr atá i bhfeidhm.

**Léaráid 19: Brú Tráchta AM i Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe**




6.4.15 Léirítear san anailís seo maidir le cur chun feidhme na SIG, gan an laghdú glactha ar sholáthar páirceála, agus gan an CCNA N6, go mbeidh laghdú éigin ar leibhéal iomlán an bhrú tráchta ar an ngréasán (laghdú 25% i gcomparáid le 'Íosmhéid a Dhéanamh') mar thoradh air. Mar sin féin, tá sé sin 86% níos mó ná leibhéal na scuainí agus an bhrú tráchta a bheadh ann i gcás na bonnbhliana. Gan an CCNA N6 i bhfeidhm, beidh leibhéil an-ard brú tráchta agus scuainí ar na príomhbhealaí gathacha agus ar N6 Bhóthar na dTreabh. Bheadh aonrú limistéar den chathair agus den chontae mar thoradh air sin ar deireadh, rud a bheadh ina chúis le hathlonnú gníomhaíochtaí amach ó lár na cathrach, laghdú ar na deiseanna fostaíochta agus laghdú foriomlán i gcaighdeán beatha chónaitheoirí na cathrach. Ina theannta sin, bheadh sraoilleáil daonra chuig bailte dea-nasctha laistigh den chathair, amhail Áth an Rí, Órán Mór agus Tuama mar thoradh ar an leibhéal brú tráchta sin, agus bheadh sé níos deacra dá réir sin cuspóir an CNP maidir le dlúthfhás laistigh de Chathair na Gaillimhe a bhaint amach.

6.4.16 Is é an toradh ar thabhairt isteach an CCNA N6 leis an laghdú glactha ar sholáthar páirceála laghdú níos mó ar an mbrú tráchta nuair a chuirtear i gcomparáid leis an gcás 'Íosmhéid a Dhéanamh' 2039 (55%+) é agus beidh leibhéal brú tráchta inchomparáide leis an mbonnbhliain (2012) mar thoradh air. Tá sé sin i gcomhthéacs fás 50% ar an daonra agus léirítear leis go soiléir na tairbhí a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Lena chois sin, taispeántar san anailís seo, fiú leis an SIG agus srianta páirceála breise i bhfeidhm, go dteastaíonn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe an brú tráchta a laghdú, iontaofacht agaí turais do gach modh a chinntiú, áit mhealltach le cónaí

agus le gnó a dhéanamh inti a sholáthar agus tacú le mianta fáis na cathrach. Ina theannta sin, beidh na tairbhí seo a leanas ag baint leis an CCNA N6 chomh maith.

- Laghdófar na turais feithicle i lár na cathrach tuilleadh
- Laghdófar na méideanna HGV i lár na cathrach tuilleadh
- Cuirfear feabhas ar an nascacht idir an taobh thoir agus an taobh thiar den chathair
- Laghdófar na hastaíochtaí díobhálacha i lár na cathrach

## 6.5 Torthaí na Deighilte Módúla do Chathair na Gaillimhe

6.5.1 Le linn na héisteachta, ardaíodh líon fiosruithe maidir le tionchar na forbartha bóthair atá beartaithe agus an SIG ar luachanna na deighilte módúla don chathair ina hiomláine chomh maith le lár na cathrach. In **Aguisín A** den doiciméad seo cuirtear torthaí na deighilte módúla do Lár Cathrach Chathair na Gaillimhe agus Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe i láthair do na cásanna seo a leanas arna léiriú i gCuid 7.2 – 7.4 thuas:

- 2039 – Cás um Chás Fáis Lárnaigh BIÉ (Arna úsáid sa TMTT)
- 2039 – SIG - Réamhaisnéisí an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) (Arna n-úsáid sa **Fhreagairt RFI**)
- 2039- SIG - Réamhaisnéisí an CNP le Bearta breise maidir le Bainistíocht ar Éileamh i bhFeidhm

6.5.2 Lena chois sin, cuirtear na torthaí achoimre tráchta seo a leanas le haghaidh na gcásanna céanna i láthair in **Aguisín A**:

- **Staidreamh an ghréasáin** – Táscairí ar fud an ghréasáin do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird
- **Agaí turais ar na príomhbhealaí** – chun tionchair straitéiseacha a thuiscint
- **Cóimheas idir sreabhadh agus acmhainn ag príomhacomhail** – chun tionchair áitiúla, brú tráchta agus scuainí a thuiscint

## 6.6 Freagairt ar Aighneachtaí

Sa chuid seo agus in **Aguisín A** soláthraítear soiléireacht faoi thuairisciú réamhaisnéisí um dheighilt mhódúil arna léiriú sa TMMT agus réamhaisnéisí um dheighilt mhódúil le réamhaisnéisí an CNP atá curtha i láthair sa RFI.

Taispeántar san anailís ar an deighilt mhódúil na tairbhí a bhaineann le beart CNP maidir leis an daonra agus leis an bhfostaíocht réamhaisnéisithe a lonnú laistigh de lár na cathrach agus lonnaíochtaí ar a bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go héasca,

agus ansin feabhas eile ar an deighilt mhódúil ar féidir é a bhaint amach trí chur chun feidhme iomlán an SIG i gcomhthráth leis an mbeartas talamhúsáide sin.

Sa chuid seo chomh maith taispeántar an dóigh a mbeidh méadú eile ar thaisteal inbhuanaithe mar thoradh ar bhainistíocht éilimh páirceála a thabhairt isteach mar aon le cur chun feidhme iomlán an SIG. Ar deireadh, taispeántar san anailís ar leibhéil brú tráchta sa chathair na réamhaisnéisí go mbeidh gá fós leis an CCNA N6 chun freastal ar éileamh amach anseo fiú le leibhéil níos inbhuanaithe páirceála faoi mar atá beartaithe sa CNP agus sa SIG.

# 7 Comhlíonadh an Bheartais Náisiúnta

## 7.1 Ábhar aighneachtaí

7.1.1 Sa chuid seo leagtar amach conas a thacaíonn an CCNA N6 mar chuid den SIG le Taisteal Níos Cliste, tacaíocht agus an Creat Náisiúnta Pleanála a sholáthar. Lena chois sin, tá na spriocanna ábhartha sa Phlean Gníomhaíochta um Aeráid, 2019 léirithe agus measúnaithe.

## 7.2 Taisteal Níos Cliste

7.2.1 Chomh maith le spriocanna 1 agus 2 um Thaisteal Níos Cliste a tuairiscíodh níos luaithe, sainítear 5 phríomhsprioc sa bheartas maidir le Taisteal Níos Cliste chomh maith. Tá mionsonraí tugtha ar gach ceann de na spriocanna sa tábla thíos mar aon le cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann an CCNA N6 agus an SIG na spriocanna sin.

**Tábla 9: Ailíniú an CCNA N6 agus SIG le Taisteal Níos Cliste**

| Taisteal Níos Cliste – Príomhspriocanna | Freagairt an CCNA N6 agus an SIG |
|---|---|
| *1. Feabhas a chur ar an gcaighdeán beatha agus inrochtaineacht ar iompar do gach uile dhuine agus, go háirithe, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith scoite mar gheall ar easpa iompair.* | Beidh moill i bhfad níos lú trasna ghréasán na cathrach mar thoradh ar CCNA N6 agus SIG, rud a sholáthróidh feidhmíocht fheabhsaithe an iompair phoiblí, laghdú ar agaí turais do gach úsáideoir lena n-áirítear iad siúd ar iompar poiblí agus laghdú suntasach ar an trácht i lár na cathrach.<br><br>Beidh leibhéil níos ísle brú tráchta agus tráchta i lár na cathrach mar thoradh ar an CCNA N6 agus an SIG, rud a chruthóidh timpeallacht níos sábháilte agus níos sláintiúla a bheidh níos fabhraí i gcomhair siúil agus rothaíochta.<br><br>Beidh timpeallacht a bheidh feabhsaithe go mór i gcomhair taistil do gach úsáideoir bóithre, inrochtaineacht fheabhsaithe ar fud na cathrach agus feabhas ar an gcaighdeán beatha mar thoradh ar na feabhsuithe sin ar fad. |
| *2. Feabhas a chur ar an iomaíochas eacnamaíoch trí éifeachtúlacht an chórais iompair a uasmhéadú agus brú tráchta agus caolais bhonneagair a mhaolú* | Leis an CCNG N6 agus an SIG déanfar an brú tráchta atá ann agus atá tuartha a laghdú go suntasach, rud a chuirfear feabhas ar éifeachtúlacht agus athléimneacht an ghréasáin iompair.<br><br>Trí ghréasán iompair éifeachtach a sholáthar feabhsófar na bacainní sóisialta ar ghluaiseacht agus feabhsófar éifeachtúlacht eacnamaíoch na Gaillimhe agus réigiún an iarthair ina iomláine. |
| *3. Tionchair dhiúltacha an iompair ar an timpeallacht áitiúil agus dhomhanda a íoslaghdú trí thruailleáin aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú* | Le soláthar an CCNA N6 agus an SIG laghdófar trácht carranna agus an trácht HGV i lár na cathrach i nGaillimh, rud a mbeidh feabhas ar chaighdeán an aeir mar thoradh air.<br><br>Is éard a bheidh i gceist le Straitéis Iompair na Gaillimhe infheistíocht mhór san iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, rud a mbeidh méadú ar thurais trí mhodhanna níos inbhuanaithe mar thoradh air, go háirithe má sholáthraítear é i gcomhthráth le beartas pleanála an CNP agus bearta bainistíochta éilimh. |

| Taisteal Níos Cliste – Príomhspriocanna | Freagairt an CCNA N6 agus an SIG |
|---|---|
| *4. An t-éileamh foriomlán ar thaisteal agus faid chomaitéireachta i gcarr príobháideach a laghdú* | Le soláthar iomlán an SIG soláthrófar gréasán iompair éifeachtach do gach modh iompair, agus ar an tslí sin cruthófar cathair mhealltach - rud a spreagfaidh daonraí agus gnólachtaí amach anseo le lonnú sa chathair i ndlúthfhoirm faoi mar atá beartaithe sa CNP.<br><br>Leis an infheistíocht mhór san iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, tiocfaidh méadú ar thurais trí mhodhanna níos inbhuanaithe agus beidh faid turais níos gairide mar thoradh air má sholáthraítear é i gcomhthráth le beartas pleanála an CNP. |
| *5. Feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte a laghdú.* | Faoi mar atá léirithe sa Ráiteas um Fhianaise ar an Aeráid, Cuid 7.2.23 agus 7.2.24, tá dlúthfhás, inrochtaineacht réigiúnach fheabhsaithe, soghluaisteacht inbhuanaithe agus aistriú go sochaí ísealcharbóin agus aeráid-díonach ina dTorthaí Náisiúnta Straitéiseach sa CNP agus cuirtear taca fúthu leis na tosaíochtaí infheistíochta straitéisí sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Tá an creat pleanála bunaithe ar dhlúthfhás uirbeach nasctha chun tacú le spriocanna uaillmhianacha fáis sna ceithre chathair réigiúnacha (lena n-áirítear Gaillimh) ionas gur féidir leo bheith ina gcathracha réigiúnacha inrochtana níos láidre de scála.<br><br>Sa CNP b'fhearr an cur chuige maidir le dlúthfhás agus béim ar fhorbairt láithreán inlíonta agus athfhorbraíochta chun sprioc 50% de thithíocht amach anseo a sholáthrófar laistigh de lorg an limistéir chomhchruinnithe atá i nGaillimh cheana a bhaint amach. Leis an teimpléad forbartha mar aon le comhtháthú iompair agus talamhúsáide sna pleananna forbartha reachtúla éascófar soláthar feabhsaithe iompair phoiblí agus modhanna gníomhacha eile agus mar sin spreagfar aistriú modhanna. Tá soláthar Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe liostaithe mar phríomhchumasóir fáis amach anseo do Ghaillimh sa CNP.<br><br>Beidh turais níos gairide agus deighilt mhódúil feabhsaithe mar thoradh ar an lonnaíocht dlúthfháis sin ar deireadh, agus dá réir sin laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte. |

## 7.3 Spriocanna um Dheighilt Mhódúil an Taistil Níos Cliste

7.3.1 Chomh maith leis na spriocanna agus aidhmeanna atá luaite thuas, déantar breac-chuntas i ndoiciméad Beartais an Taistil Níos Cliste le haghaidh modhanna éagsúla iompair. Áirítear ar na spriocanna sin:

- Déanfar taisteal i gcarr a bhaineann le hobair ar fud na tíre a laghdú ón deighilt mhódúil reatha de 65% go 45%;
- Freastalófar ar thiománaithe cairr ar mhodhanna eile amhail siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus comhroinnt cairr (a mhéid is a ardóidh comaitéireacht trí na modhanna sin go 55% faoi 2020)

7.3.2 Cuireadh torthaí na deighilte módúla atá cuimsithe sa TMTT agus i gCuid 6 den doiciméad seo, i láthair thar thréimhse 24 uair an chloig, agus gabhadh gach cuspóir turais le linn an lae. Chun ailíniú le beartas an Taistil Níos Cliste, i ndáil le comaitéireacht amháin, tá torthaí na deighilte módúla do na Buaicuaireanta AM (an tréimhse chomaitéireachta is gnóthaí) curtha i láthair in **Aguisín A**. Taispeántar i dTáblaí 2 agus 4 den aguisín seo gurb é toradh an SIG leis an gcás um Bainistíocht Éilimh Páirceála deighilt mhódúil le haghaidh taisteal inbhuanaithe de 57.4% (42.6% do charr) do lár na cathrach agus 47.9% (52.1% do charr) le haghaidh Limistéir Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe. Tagann sé sin go mór le spriocanna bheartas an Taistil Níos Cliste agus léiríonn sé athrú céim ar chéim ar an taisteal inbhuanaithe laistigh de Chathair na Gaillimhe agus den cheantar máguaird.

## 7.4 An Creat Náisiúnta Pleanála

7.4.1 Tá mionsonraí tugtha ar phríomhthorthaí straitéiseacha an Chreata Náisiúnta Pleanála i dTábla 11 thíos mar aon le cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann an CCNA N6 agus an SIG na spriocanna sin faoi mar atá leagtha amach chomh maith in Aguisín B leis an Ráiteas um Fhianaise ar Phleanáil agus ar Chomhthéacs na Pleanála a cuireadh i láthair na héisteachta níos luaithe.

**Tábla 10: Torthaí straitéiseacha an Chreata Náisiúnta Pleanála**

| n Straitéiseacha an CNP | Soláthar an CCNA N6 |
|---|---|
| NS01 - Dlúthfhás | Leis an CCNA N6 soláthraítear an bonneagar is gá chun trácht a mhealladh amach ó limistéar lár na cathrach agus deis a thabhairt don chathair fás go dtí an dlúthú riachtanach a shainítear sa CNP. Trí dhul i ngleic le ceisteanna brú tráchta na cathrach, soláthróidh sé caighdeán beatha níos fearr d'áitritheoirí na cathrach agus timpeallacht i bhfad níos sábháilte le cónaí ann. Trí laghdú a dhéanamh ar líon na gcarranna ar na bóithre laistigh de lár na cathrach agus feabhas a chur ar sráid-dhreacha, éascófar oibrithe agus mic léinn chun turais a dhéanamh ag baint úsáid as modh iompair ilchóracha. Áirítear leis sin siúl, rothaíocht agus taisteal ar an gcóras iompair phoiblí. |
| NS02 - Inrochtaineacht réigiúnach fheabhsaithe | Leis an CCNA N6 soláthraítear bealach straitéiseach trasna Abhainn na Gaillimhe gan gá dul trí lár na cathrach. Dearadh an t-ailíniú bóthair agus an forleagan acomhail don CCNA N6 chun feidhm straitéiseach an bhóthair atá beartaithe a chaomhnú san fhadtéarmach agus lena chinntiú go gcoinneofar na ceanglais um inrochtaineacht amach anseo do Réigiún an Iarthair, i.e. limistéir agus cúlchríoch an chontae |

| n Straitéiseacha an CNP | Soláthar an CCNA N6 |
|---|---|
| | atá thar limistéar na cathrach, ar leibhéal a thacóidh le seirbhís shábháilte éifeachtach a thacóidh le geilleagar réigiúnach inmharthana. |
| NS03 - Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe | Mar Thairseach chuig Conamara agus Réigiún an Iarthair, tá nascacht agus inrochtaineacht chuig Cathair na Gaillimhe agus trí Chathair na Gaillimhe riachtanach mar chúnamh leis an réigiún a athbheochan, a fheabhsú agus a fhorbairt san am atá le teacht. Tá inrochtaineacht agus nascacht do limistéir laistigh den chontae ina leas poiblí suntasach agus ina bpríomhspreagadh don fhorbairt bóthair seo atá beartaithe.<br>Trí naisc iompair dhea-fhorbartha a sholáthar chuig Réigiún an Iarthair cuirtear ar chumas fhiontair agus gheilleagar áitiúil an iarthair fás agus forbairt mar mhalairt inmharthana ar chonair an chósta thoir a mbaineann leas suntasach poiblí leis ar an leibhéal náisiúnta. Nascann bonneagar níos inbhuanaithe agus níos iontaofa le ceantair Ghaeltachta agus chuig ceantair Ghaeltacht Réigiún an Iarthair, cuireann sé ar chumas cainteoirí Gaeilge fanacht ina limistéir dhúchasacha dá ndeoin féin, agus a gheilleagar a fhorbairt ar bhealach a thacaíonn leis an teanga agus leis an gcultúr. Is féidir leis sin cuidiú leis an bpátrún le déanaí maidir le laghdú ar an daonra a chúiteamh agus tacú le pobail níos inbhuanaithe. Tá sé sin ina leas poiblí a oiread is atá sé ina leas náisiúnta ár n-oidhreacht, lena n-áirítear ár dteanga dhúchasach, ár gcéad teanga oifigiúil, a chaomhnú. Trí bhonneagar iompair iontaofa a sholáthar éascaítear rochtain fheabhsaithe ar fhostaíocht, oideachas, seirbhísí fíorthábhachtacha amhail ospidéil agus taitneamhachtaí do gach úsáideoir chomh maith.<br>Faoi mar atá léirithe thuas, tacóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe le taisteal níos inbhuanaithe agus spreagfaidh sé é, le hathdháileadh spáis bóthair ar shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus leathnú na ngréasán sin isteach i limistéir chontae. Tá sé ina leas poiblí sáraitheach ar an leibhéal áitiúil i nGaillimh féin, ach níos tábhachtaí fós do Réigiún an Iarthair toisc go bhfuil Gaillimh ag croílár an réigiún agus ní mór di a bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach chun freastal ar an réigiún. |
| NS04 - Soghluaisteacht Inbhuanaithe | Nuair a bhreithnítear é i gcomhthéacs níos leithne shraith chuimsitheach na mbeart iompair sa SIG, laghdóidh an CCNA N6 an brú tráchta agus ar an tslí sin laghdófar na hastaíochtaí agus éascóidh sé feabhsuithe suntasacha pleanáilte i ngréasán agus seirbhísí an iompair phoiblí chomh maith le soláthar treisithe le haghaidh modhanna gníomhacha. Tá an SIG agus an |

| n Straitéiseacha an CNP | Soláthar an CCNA N6 |
|---|---|
| | CCNG riachtanach chun dul i ngleic leis an mbrú tráchta atá ann agus chun fás inbhuanaithe a sholáthar i réigiún na cathrach agus forbairt chónaithe agus fostaíochta amach anseo á déanamh laistigh de lorg an limistéir chomhchruinnithe atá ann agus ar thailte úrnua atá tacaithe ag soláthar cuí roghanna iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta. |
| NS05 - Geilleagar láidir, a bheidh tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna | Féach an fhreagairt ar NS02 agus NS03. |
| NS06 - Nascacht idirnáisiúnta ardchaighdeáin | Baineann tábhacht Eorpach leis an CCNA N6 ag cur san áireamh go síneann ainmniúchán líonra cuimsitheach TEN-T siar ón gcathair go dtí ceann aistir na forbartha bóthair atá beartaithe agus soláthróidh sé nasc le Réigiún an Iarthair de chaighdeán bealaigh chuimsithigh de réir TEN-T |
| NS07 - Taitneamhachtaí agus oidhreacht fheabhsaithe | Féach an fhreagairt ar NS02 agus NS03. |
| NS08 - Aistriú go sochaí ísealcharbóin agus aeráid-díonach | In ainneoin a scála, is comhpháirt amháin é an CCNA N6 sa réiteach foriomlán um iompar inbhuanaithe comhtháite do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird. Éascaíonn sé an deis le modhanna iompair níos inbhuanaithe a fhorbairt agus a sholáthar agus trí amhlaidh a dhéanamh tá sé ina chuid lárnach den SIG uileghabhálach. Leis an CCNA N6 mealltar trácht neamhriachtanach ó lár na cathrach a éascaíonn athdháileadh spáis bóthair ar mhodhanna iompair níos gníomhaí agus níos inbhuanaithe. Lena chois sin, laghdóidh sé an brú tráchta agus éascóidh sé fíorfheabhsuithe i dtosaíocht an iompair phoiblí i lár na cathrach. Beidh deis ann, mar thoradh air sin, le seirbhís iompair phoiblí nua-aimseartha fheidhmiúil leis na feabhsuithe gaolmhara a bheith ann i gcomhthéacs gréasán níos cuimsithí, ticéadú comhtháite, minicíocht mhéadaithe agus agaí turais iontaofa. Tacóidh an timpeallacht níos glaine agus níos sábháilte a bheidh mar thoradh air le haistriú módúil ó iompar i gcarr go leibhéil mhéadaithe siúil agus rothaíochta. Is é sin taisteal níos cliste agus na comhpháirteanna ar fad ag obair le chéile. Dá réir sin, is gá measúnú a dhéanamh ar iomlán na straitéis iompair agus na bearta gaolmhara ar fad seachas díriú ar an tionscadal mar chomhpháirt ar leith i gcomhthéacs plé ar ghiniúint charbóin. |
| NS09 - Bainistíocht inbhuanaithe ar uisce agus ar acmhainní comhshaoil eile | Ní dhéantar draenáil an ghréasáin bóithre atá ann, agus é tagtha chun cinn i ré dhifriúil, a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. I gcodarsnacht leis sin tagann an dearadh agus an soláthar draenála ar an CCNA N6 leis an dea-chleachtas comhshaoil agus cinntítear go |

| n Straitéiseacha an CNP | Soláthar an CCNA N6 |
|---|---|
| | ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe uisce leis an draenáil ghaolmhar. |
| NS10 - Rochtain ar chúram leanaí, oideachas agus seirbhísí sláinte ardchaighdeáin | Nuair atá straitéis iompair chomhtháite ann ina gcuimsítear an CCNA N6 éascaítear rochtain níos mó agus níos fearr ar shaoráidí, rud a chuireann le comhshaol ina bhfuil níos mó roghanna agus roghanna níos fearr chomh maith le deiseanna solúbtha. Cuidíonn sé sin le cuimsiú sóisialta méadaithe a chur chun cinn. |

## 7.5 Plean Gníomhaíochta um Aeráid

7.5.1 Tá mionsonraí tugtha ar na spriocanna a bhaineann leis an CCNA N6 sa Phlean Gníomhaíochta um Aeráid, 2019 i **dTábla 11** mar aon le cur síos ar an dóigh a mbaineann an fhorbairt bóthair atá beartaithe leis an bPlean.

**Tábla 11: Spriocanna Ábhartha an Phlean Gníomhaíochta um Aeráid 2019 agus freagairt an CCNA N6**

| Sprioc Ábhartha | Freagairt an CCNA N6 |
|---|---|
| Astaíochtaí $CO_{2\ eq.}$ a laghdú 45–50% ón earnáil iompair i gcoibhneas le réamh-mheastacháin 2030 roimh an PFN | Faoi mar atá léirithe i Ráiteas um Fhianaise Sinéad Whyte, tá sé tuartha go mbeadh méadú 45,627 tona de $CO_2$ in aghaidh na bliana in 2039 mar thoradh ar an CCNA N6 atá beartaithe. Tá sé sin bunaithe ar bhoinn tuisceana an cháis is measa, gan réamh-mheastachán an Phlean Gníomhaíochta um Aeráid 2019 le haghaidh an fhlít feithiclí leictreacha san áireamh. Is é an éifeacht a bheidh ag soláthar 840,000 feithicil leictreach faoi 2030 agus an spleáchas méadaithe ar fhoinse fuinnimh in-athnuaite, go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na hastaíochtaí carbóin atá tuartha mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. |
| Aistriú módúil:<br>• Bearta taistil inbhuanaithe a leathnú<br>• Dlúthfhás a chur chun cinn | Nuair a bhreithnítear é i gcomhthéacs níos leithne shraith chuimsitheach na mbeart iompair i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG), laghdóidh an CCNA N6 an brú tráchta agus ar an tslí sin laghdófar na hastaíochtaí agus éascóidh sé feabhsuithe suntasacha pleanáilte i ngréasán agus seirbhísí an iompair phoiblí chomh maith le soláthar treisithe le haghaidh modhanna gníomhacha. Tá an SIG riachtanach chun dul i ngleic leis an mbrú tráchta atá ann agus chun fás inbhuanaithe a sholáthar i réigiún na cathrach agus forbairt chónaithe agus fostaíochta amach anseo á déanamh laistigh de lorg an limistéir chomhchruinnithe atá ann agus ar thailte úrnua atá tacaithe ag soláthar cuí roghanna iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta.<br><br>Leis an CCNA N6 soláthraítear an bonneagar is gá chun trácht a mhealladh amach ó limistéar lár na cathrach agus deis a thabhairt don chathair fás go dtí an dlúthú riachtanach a shainítear sa CNP. Trí dhul i ngleic le ceisteanna brú tráchta na cathrach, soláthróidh sé caighdeán beatha níos fearr d’áitritheoirí na cathrach agus timpeallacht i bhfad níos sábháilte le cónaí ann. Trí laghdú a dhéanamh ar líon na gcarranna ar na bóithre laistigh de lár na cathrach agus feabhas a chur ar sráid-dhreacha, éascófar oibrithe agus mic léinn chun turais a dhéanamh ag baint úsáid as modh iompair ilchóracha. Áirítear leis sin siúl, rothaíocht agus taisteal ar an gcóras iompair phoiblí. |
| Reachtaíocht a thabhairt isteach chun cosc a chur ar dhíolachán carranna úra breosla iontaise ó 2030 agus stop a chur le NCTanna a dheonú ó 2045. | Is é an éifeacht a bheidh ag cosc a chur ar dhíolachán carranna úra breosla iontaise agus stop a chur le NCTanna a dheonú in 2045 go n-aistreofar go dtí feithiclí leictreacha nó bithbhreoslaí go hiomlán. Lena chois sin, cuimsítear sa Phlean tiomantas dá chinntiú go |

| Sprioc Ábhartha | Freagairt an CCNA N6 |
|---|---|
| | ndéanfaidh Líonraí BSL agus EirGrid líonra foinsí fuinnimh in-athnuaite a phleanáil agus iad a nascadh chun sprioc RES-E 2030 de 70% a bhaint amach. Is é an éifeacht a bheidh aige sin go dtiocfaidh laghdú suntasach ar astaíochtaí carbóin ó oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe. |
| Méadú a dhéanamh ar úsáid bithbhreoslaí chun cur le fás fuinnimh in-athnuaite agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san earnáil iompair | Is é an éifeacht a bheidh ag úsáid mhéadaithe as bithbhreoslaí go dtiocfaidh laghdú suntasach ar astaíochtaí carbóin ó oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe. |

7.5.2 Sa chuid seo freagraítear líon fiosruithe a ardaíodh maidir le méadú réamh-mheasta ar astaíochtaí carbóin mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus na himpleachtaí féideartha le haghaidh oibleagáidí aeráide na hÉireann.

7.5.3 In ainneoin na dtráchtaí a rinne Catherine Connolly TD, tá measúnú mionsonraithe ar thionchar féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar charbón agus ar an aeráid cuimsithe i TMTT an CCNA N6 agus tá nuashonrú cuimsithe i Ráiteas um Fhianaise Sinéad Whyte (20 Feabhra 2020). Cuimsítear sa Ráiteas tagairt don éigeandáil aeráide agus bhithéagsúlachta i mí na Bealtaine 2019 chomh maith le foilseacháin ábhartha eile le déanaí. Ó atráth na héisteachta ó bhéal ó mhí an Mhárta 2020, chuir an Chúirt Uachtarach an Plean Náisiúnta um Maolú ar neamhní i mí Iúil 2020. Ní bhraitheann na bearta um maolú chun giniúint carbóin a laghdú atá léirithe sa TMTT agus atá nuashonraithe i Ráiteas um Fhianaise Sinéad Whyte, ar an bPlean Náisiúnta um Maolú agus dá réir sin níl baint ag neamhniú an Phlean leis an measúnú aeráide d'fhorbairt an CCNA N6 atá beartaithe.

7.5.4 Ar an 7 Deireadh Fómhair 2020, foilsíodh an Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) chun an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 a leasú . Ceanglaítear ar Éirinn leis an mBille aistriú go geilleagar aeráid-díonach agus aeráidneodrach faoi 2050. Áirítear na príomhghnéithe seo a leanas sa bhille:

- Bunaítear sprioc astaíochtaí 2050 de nialas glan;
- Tugtar isteach córas buiséad 5 bliana as a chéile maidir le carbón ar fud an gheilleagair ag tosú in 2021;
- Neartaítear ról na Comhairle Comhairlí ar an Aeráid Aeráide maidir le buiséid um charbón a mholadh;
- Tugtar isteach ceanglas maidir le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta um Aeráid agus Straitéis Náisiúnta Fhadtéarmach don Aeráid a ullmhú gach deich

mbliana ar a laghad. Cuirfear Plean Gníomhaíochta um Aeráid 2019 in ionad an Phlean Náisiúnta um Maolú roimhe seo, agus déanfar athbhreithniú air gach bliain ag tosú an bhliain seo chugainn;

- Tugtar isteach ceanglas úr do gach Údarás Áitiúil Pleananna Gníomhaíochta um Aeráid a ullmhú ina mbeidh bearta um maolú agus um oiriúnú araon.

7.5.5 Faoi mar atá léirithe Ráiteas um Fhianaise Sinéad Whyte agus Eileen McCarthy (18 Feabhra 2020), tá bearta beartaithe chun giniúint carbóin le linn na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin a mhaolú, lena n-áirítear:

- Laghdú thart ar 123,000 tona $CO_2$ ón méid a tuairiscíodh sa TMTT trí úsáid coincréite ísealcharbóin chomh maith le hathruithe eile a shonrú;
- Laghdú ar fhaid tollán;
- An tollán gearrtha agus cumhdaithe ag Cnoc Mhaoil Drise a bhaint;
- Ábhair tógála a fháil ar bhonn áitiúil;
- Beidh gá le brú carraige a dhéanamh ar an láithreán nuair is féidir, chun an gá le cloch bhrúite a allmhairiú chuig an láithreán a laghdú;
- Cur chun feidhme iomlán Phlean Bainistíochta an Tráchta Tógála lena ndéanfar brú tráchta a íoslaghdú agus lena spreagfar roinnt carranna agus úsáid as iompar poiblí.

7.5.6 Sonraítear i Ráiteas um Fhianaise Sinéad Whyte, go bhfuil sé tuartha go mbeadh méadú 45,627 tona de $CO_2$ in aghaidh na bliana in 2039 mar thoradh ar an CCNA N6 atá beartaithe. Tá sé sin bunaithe ar bhoinn tuisceana an cháis is measa, gan réamh-mheastachán an Phlean Gníomhaíochta um Aeráid le haghaidh an fhlít feithiclí leictreacha san áireamh. Is é an éifeacht a bheidh ag soláthar 840,000 feithicil leictreach faoi 2030 agus an spleáchas méadaithe ar fhoinse fuinnimh in-athnuaite, go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na hastaíochtaí carbóin atá tuartha mar gheall ar oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe.

7.5.7 I mí Iúil 2020, nuashonraigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), réamh-mheastacháin maidir le hastaíocht gás ceaptha teasa na hÉireann go 2040. Faoin gcás “Le Bearta Breise”, tá sé tuartha go dtiocfaidh laghdú 37.8% ar astaíochtaí iompair thar an tréimhse 2019 go 2030. Oibríonn an cás ar bhonn chur chun feidhme na mbeart atá léirithe sa Phlean Gníomhaíochta um Aeráid 2019. Lena chois sin, tá sé tuartha go méadóidh giniúint fuinnimh in-athnuaite go dtí thart ar 70% den ídiú leictreachais faoi 2030. Is é tátal na tuarascála, go mbainfidh Éire a sprioc 2030 amach faoin Rialachán maidir le

Comhroinnt Iarrachtaí ar an gcoinníoll go gcuirfear bearta an Phlean Gníomhaíochta um Aeráid chun feidhme go luath agus go hiomlán.

## 7.6 Freagairt ar Aighneachtaí

Comhlíonann an CCNA N6 atá beartaithe an Taisteal Níos Cliste mar go dtacaíonn sé le comhtháthú an bheartais talamhúsáide agus iompair a thacaíonn le dlúthfhás mar atá leagtha amach sa CNP. Beidh cathair níos dlúithe agus níos lú le himeacht amach mar thoradh ar dhlúthfhás agus mar sin beidh sé níos éasca Taisteal Níos Cliste a sholáthar, lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Féachtar leis an tionscadal seo líonra a sholáthar lena soláthrófar níos mó spáis le haghaidh siúil, rothaíochta agus iompar poiblí agus lena n-éascófar turais ghairide níos dírí, rud a thagann leis an CNP.

Is é an éifeacht a bheidh ag na spriocanna atá léirithe sa Phlean Gníomhaíochta um Aeráid go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na hastaíochtaí carbóin atá tuartha mar gheall ar CCNA N6 atá beartaithe tríd an méadú ar fheithiclí leictreacha agus trí bhearta eile.

# 8 Tástáil Íogaireachta COVID-19

## 8.1 Réamhrá

8.1.1 Mar thoradh ar an bpaindéim, tá sé ina ghnáthchleachtas anois bheith ag obair ón mbaile do go leor daoine in Éirinn I dtimpeallacht iar-Covid tá sé tuartha go roghnódh go leor daoine leanúint ar aghaidh leis an treocht sin go rialta nó ar bhonn ócáideach.

8.1.2 Cé go bhfuil sé deacair éifeachtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha phaindéim Covid ar iompraíocht taistil amach anseo a thuar, is féidir tástáil íogaireachta a dhéanamh chun toradh dóchúil a thuar ar bhonn athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais éagsúla úsáideoirí taistil agus a roghanna taistil féideartha.

8.1.3 Sa chuid seo den tuarascáil sainaithnítear na daoine ar féidir leo oibriú go cianda de dheasca a gcúinsí oibre agus dá bharr sin meastar an cion de na daoine sin a d'fhéadfadh amhlaidh a dhéanamh amach anseo agus cé chomh minic.

## 8.2 Tionchar ar obair ón mbaile ar éileamh taistil amach anseo a mheas

8.2.1 Ag an gcéim seo ní féidir a thuar go beacht cé acu an rachaidh iompraíocht taistil ar ais mar a bhíodh sa saol i ndiaidh na paindéime, nó go dtí cén mhéid a bheidh gnéithe dár n-iompraíocht taistil reatha athraithe go buan. In ainneoin sin, beidh anailís déanta ag ár bhfoireann tionscadail chun meastachán ardleibhéil a sholáthar maidir le tionchair fhéideartha mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na paindéime ar iompraíocht taistil i nGaillimh a bheidh bunaithe ar fhaisnéis CSO maidir le cuspóirí turais agus turais fostaithe, chomh maith le suirbhéanna dearcaidh lena dtomhaistear tionchair Covid 19 ar iompraíocht taistil. Mar gheall air sin, ba cheart breathnú ar an iompraíocht taistil i ndiaidh Covid atá léirithe thíos mar thástáil íogaireachta ina gcuirtear toradh féideartha agus ní réamhaisnéis chinntitheach aonair ar fáil


8.2.2 Áirítear na céimeanna seo a leanas ar an modheolaíocht a úsáid chun an tionchar sin ar an éileamh taistil amach anseo a mheas:

8.2.3 **Céim 1:** Na cineálacha turais (e.g. comaitéireacht agus gnó) a bhféadfadh athruithe ar phatrúin oibre dul i gcion orthu a shainaithint. Rinneadh é sin trí scrúdú a dhéanamh ar na "haicmí úsáideora" turais éagsúla i samhail tráchta na bliana deartha.

8.2.4 **Céim 2:** An cion de chineálacha turais/ aicmí úsáideora atá buailte a bheidh ábalta oibriú ón mbaile a fháil amach. Rinneadh é sin trí scrúdú

a dhéanamh ar na sonraí daonáirimh a bhaineann le cineál poist i gCathair agus Contae na Gaillimhe.

8.2.5 **Céim 3:** Cé chomh minic agus a oibreoidh na daoine ar féidir leo oibriú ón mbaile, ón mbaile. Rinneadh é sin ag baint úsáid as torthaí na suirbhéanna dearcaidh a rinneadh le linn Phaindéim Covid-19.




## Céim 1 – Cineálacha Turais atá buailte a shainaithint

8.2.6 Níl i dturas oibre / turais chomaitéireachta ach ceann amháin den lear mór cineálacha turais a dhéanfar ar an ngréasán iompair Sa SRI a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar thionchair an CCNA N6 déantar miondealú ar an trácht ar an ngréasán bóithre sna hAicmí Úsáideora seo a leanas:

1. Tacsaithe
2. Turais ghnó – Taisteal chun críocha gnó e.g. cruinniú aghaidh ar aghaidh
3. Turais chomaitéireachta – Turas ón mbaile go dtí an obair
4. "Turais eile" - Comhdhéanta de roinnt catagóirí turais lena n-áirítear turais Oideachais (tuismitheoir ag fágáil páiste ar scoil), Turais siopadóireachta do bhia, Cuairteanna ar chairde/ar dhaoine muinteartha agus turais a dhéanann daoine ar scor
5. Lastas – Turais a bhaineann le hiompar earraí, táirgí etc. ar fheithiclí earraí éadroma agus troma

8.2.7 I dtimpeallacht iar-phaindéime, glactar leis nach dtiocfaidh athrú suntasach ar ghnásanna taistil Aicmí Úsáideora 1, 4 agus 5. Mar shampla, freastalóidh páistí ar scoileanna fós, tabharfaidh daoine cuairt ar a gcairde/ar a ndaoine muinteartha, beidh ar fheithiclí seachadta lastas a sheachadadh fós etc. Dá réir sin, ní rachfar i gcion go mór ach ar na haicmí úsáideora seo a leanas leis an méadú ar obair ón mbaile:

- 2: Turais ghnó
- 3: Turais chomaitéireachta

8.2.8 Sa tábla thíos tugtar breac-chuntas ar an éileamh taistil roimh Covid ar fud an SRI iomlán sna buaicuaireanta AM do gach aicme úsáideora.

Baineadh úsáid san anailís sin as na sreafaí tráchta réamhaisnéisithe don bhliain deartha (2039) maidir le cás 'Rud Éigin a Dhéanamh' an CCNA N6 ar a ndearna SYSTRA tuairisc mar chuid den iarratas ar Fhaisnéis Bhreise i ndiaidh fhoilsiú an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP).

**Tábla 12: Éileamh Tráchta roimh Covid sna buaicuaireanta AM**

| Aicme úsáideora | Roimh Covid |
|---|---|
| **1** | 3,634 |
| **2** | 7,512 |
| **3** | 54,116 |
| **4** | 108,420 |
| **5** | 7,595 |
| Iomlán | 181,278 |

8.2.9 Is ionann an t-éileamh tráchta sna buaicuaireanta AM sa ghréasán samplach agus 181,278 Toisc go bhfuiltear ag súil nach dtiocfaidh athrú den chuid is mó ar Aicmí Úsáideora 1, 4 agus 5 i ndiaidh Covid, ciallaíonn sé sin nach gcuirfear isteach den chuid is mó ar 119,649 turas (66% d'iomlán na dturas ar an ngréasán) le hathruithe ar leibhéal na hoibre ón mbaile.

8.2.10 Beidh tionchar ar thart ar 34% (61,628) díobh mar gheall ar leibhéil mhéadaithe na hoibre ón mbaile. Cuimsítear sa 34% sin:

- Turais Ghnó (Aicme Úsáideora 2): 7,512
- Turais Chomaitéireachta (Aicme Úsáideora 3): 54,116

### Céim 2: An Cumas Oibriú ón mBaile

8.2.11 Mar chuid de Dhaonáireamh 2016, iarradh ar chónaitheoirí a slí bheatha a líonadh isteach faoi roinnt ceannteideal. Tá na torthaí le haghaidh Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe (an Contae agus an Chathair) leagtha amach thíos.

**Tábla 13: Deighilt Slithe Beatha na nOibrithe i na Gaillimhe (Daonáireamh 2016)**

| Slí Bheatha | Cathair | Contae | Cathair (%) | Contae (%) |
|---|---|---|---|---|
| Bainisteoirí, stiúrthóirí agus oifigigh shinsearacha | 2,519 | 8,332 | 7% | 7% |
| Slite beatha gairmiúla | 8,789 | 23,921 | 25% | 21% |
| Slite beatha gairmiúla agus teicniúla comhlacha | 4,427 | 12,536 | 13% | 11% |

| Slí Bheatha | Cathair | Contae | Cathair (%) | Contae (%) |
|---|---|---|---|---|
| Slite beatha riaracháin agus rúnaíochta | 3,388 | 11,035 | 10% | 10% |
| Slite beatha trádála oilte | 3,100 | 18,216 | 9% | 16% |
| Slite beatha cúraim, fóillíochta agus seirbhíse eile | 2,369 | 8,936 | 7% | 8% |
| Slite beatha díolacháin agus seirbhísí do chustaiméirí | 3,034 | 7,504 | 9% | 7% |
| Oibrithe próiseas, gléasra agus innealra | 3,131 | 11,595 | 9% | 10% |
| Slite beatha bunúsacha | 3,857 | 9,844 | 11% | 9% |
| **Iomlán** | **34,614** | **111,919** | - | - |

8.2.12 Ón tábla thuas glacadh leis nach bhféadfaí na slite beatha seo a leanas oibriú go cianda lena róil a fheidhmiú agus dá réir sin ní athróidh siad a bpatrúin taistil i ndiaidh Covid:

- Slite beatha trádála oilte
- Slite beatha cúraim, fóillíochta agus seirbhíse eile
- Oibrithe próiseas, gléasra agus innealra
- Slite beatha bunúsacha

8.2.13 Trí chéatadáin na slite beatha eile a chur leis, measadh go mbeadh 64% d'oibrithe ábalta oibriú go cianda amach anseo i gcathair na Gaillimhe. Laghdaíonn sé sin go dtí 57% má bhreathnaítear ar an gcontae ina iomláine. Chun measúnú láidir a ullmhú ghlacamar leis go bhfuil sé ar chumas 64% oibriú ón mbaile sa chuid eile dár n-anailís. Meastar gur measúnú an-choimeádach é sin, toisc go mbeidh ar líon gairmeacha, i ndáiríre, (mar shampla foireann riaracháin oifige atá ag obair laistigh den earnáil sláinte nó monaraíochta) taisteal fós chuig a n-ionad oibre chun tacú le hoibríochtaí ar an láithreán.

## Céim 3 - Cé chomh minic agus a oibreoidh daoine ón mbaile a mheas

### <u>Turais Chomaitéireachta</u>

8.2.14 Fuarthas i suirbhé iompair agus dearcaidh oibrithe oifige arna riar ag SYSTRA sa Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh, sular tugadh srianta Covid-19 isteach, go raibh turais chomaitéireachta (i.e. ní raibh siad ag

obair ó mbaile) á ndéanamh ag freagróirí 84% dá laethanta oibre sular tugadh srianta Covid-19 isteach.

8.2.15 A luaithe is a bheidh deireadh leis na srianta ar fad (i dtimpeallacht iar-Covid), tuarann freagróirí go ndéanfaidh siad turais chomaitéireachta ar 50% dá laethanta oibre, rud atá ionann le laghdú 34% ar gach turas comaitéireachta a dhéanann oibrithe oifige.

8.2.16 Trí na sonraí sin a chur le sonraí an Daonáirimh, is féidir linn céatadán iomlán an lucht oibre a d'fhéadfadh oibriú ón mbaile nuair a bheidh an phaindéim thart a mheas.

**<u>Turais Ghnó</u>**

8.2.17 Táthar ag féachaint le sraith suirbhéanna míosúla ar leith arna ndearnadh ag SYSTRA in Albain le tuiscint níos fearr a fháil ar athruithe ar an iompraíocht agus na dearcthaí taistil le linn na paindéime, mar aon leis na hathruithe atá tuartha i ndiaidh Covid. Rinneadh na suirbhéanna ba dhéanaí ag an am a scríobhadh é seo i mí Mheán Fómhair. Mar chuid de na suirbhéanna, cuireadh ceist ar na freagróirí oibre faoina n-ionchais maidir le cruinnithe gnó i ndiaidh Covid.

8.2.18 Roimh shrianta Covid-19, ghlac trian (34%) de na freagróirí oibre páirt i gcruinnithe gnó, agus an formhór díobh (61%) ag taisteal chun freastal ar idir cruinniú gnó amháin agus ceithre cinn ar an meán in aghaidh na míosa.

8.2.19 I ndiaidh phaindéim Covid, tá 32% díobh ag súil go gcuirfear cruinnithe fíorúla in ionad cruinnithe gnó aghaidh ar aghaidh. Tá 52% díobh ag súil go gcuirfear cruinnithe fíorúla in ionad roinnt de na cruinnithe gnó aghaidh ar aghaidh ach ní iad ar fad. As an 52% sin, ghlacamar leis go gcuirfear cruinnithe fíorúla in ionad leath na dturas. Ba chóir go dtiocfadh sé sin le torthaí an tsuirbhé ar líne roimhe seo i gcuid 8.2.15 inar sonraíodh go bhfuil sé tuartha ag freagróirí go ndéanfaidh siad turais chomaitéireachta ar 50% dá laethanta oibre.

8.2.20 Ar an iomlán, léirítear i dtorthaí an tsuirbhé sin go bhféadfaí cruinnithe fíorúla a chur in ionad thart ar 55% de na cruinnithe aghaidh ar aghaidh i ndiaidh Covid. Cuireadh an laghdú sin i bhfeidhm ar aicme úsáideora na dturas gnó.

## Athruithe ar Éileamh Taistil i ndiaidh Covid

8.2.21 Go hachomair, faightear an méid seo a leanas san anailís thuasluaite:

- ní chuirtear isteach ar 66% de na turais ar fad le hathruithe ar Oibriú ón mbaile i ndiaidh Covid-19;
- As an 34% de thurais atá buailte, is féidir le 64% turas oibriú ón mbaile;

- As an 64% sin, is mó seans go dtiocfaidh laghdú thart ar 34% ar an meán ar na turais chomaitéireachta laethúla i ndiaidh Covid-19;
- Cuirfear cruinnithe fíorúla in ionad 55% de na turais ghnó

8.2.22 Sa tábla seo a leanas taispeántar na hathruithe ar an éileamh tráchta sna buaicuaireanta AE (ar fud iomlán an limistéir shamhla) i ndiaidh Covid trí na boinn tuisceana maidir le hathruithe ar na patrúin oibre atá léirithe thuas a ionchorprú.

**Tábla 14: Athruithe Measta ar Éileamh Tráchta i ndiaidh Covid sna buaicuaireanta AM**

| Aicme Úsáideora | Roimh Covid | I ndiaidh Covid | Difríocht | Difríocht (%) |
|---|---|---|---|---|
| **1** | 3,634 | 3,634 | - | 0% |
| **2** | 7,512 | 3,380 | 4,132 | 55% |
| **3** | 54,116 | 41,913 | 12,203 | 23% |
| **4** | 108,420 | 108,420 | - | 0% |
| **5** | 7,595 | 7,595 | - | 0% |
| **Iomlán** | **181,278** | **164,943** | **16,335** | **9%** |

8.2.23 Léirítear sa toradh sin laghdú 55% ar na turais ghnó (Aicme Úsáideora 2) agus laghdú 23% ar na turais chomaitéireachta (Aicme Úsáideora 3). Comhcheanglaítear é sin ar fad chun laghdú 9% ar an trácht ar fud iomlán an réigiún i ndiaidh Covid a sholáthar.

8.2.24 Tá tuilleadh sonraí faoin anailís atá léirithe thuas, agus na boinn tuisceana atá taobh thiar di, léirithe in **Aguisín B** den tuarascáil seo.

## 8.3 Impleachtaí le haghaidh Bhreithmheas an CCNA N6

8.3.1 Faoi mar a sonraíodh roimhe seo, tá sé deacair na héifeachtaí fadtéarmacha a bhaineann le paindéim Covid ar iompraíocht taistil amach anseo a thuar go beacht. Dá bhrí sin, ba cheart breathnú ar an iompraíocht taistil atá sa tuarascáil mar thástáil íogaireachta, cosúil leis na réamhaisnéisí éagsúla talamhúsáide atá sa TMTT agus sa Fhreagairt ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise ina raibh an méid seo a leanas san áireamh:

- Cás um Fhás Íseal (TMTT);
- Cás um Fhás Lárnach BIÉ (TMTT);

- Cás um fhás ard (TMTT); agus
- Cás an CNP.

8.3.2 Léirítear sa mheasúnú íogaireachta Covid atá léirithe thuas go bhféadfadh tionchar fadtéarmach na paindéime dul i gcion ar an iompraíocht taistil agus an t-éileamh ar thaisteal a laghdú suas le 9% mar thoradh ar mhéadú ar an obair ón mbaile.

8.3.3 Trí shaolré an tionscadail, rinneadh measúnú ar líon cásanna fáis réamhaisnéisithe, faoi mar atá léirithe thuas. Is é toradh na mbonn tuisceana déimeagrafach a úsáid sa chás lárnach don TMTT méadú 20% ar an trácht ar an ngréasán idir 2012 agus 2039, agus is é toradh réamhaisnéis reatha an CNP méadú 32% ar an trácht ar an ngréasán bóithre thar an tréimhse chéanna.

8.3.4 Ag breathnú air i gcomhthéacs na raonta fáis réamhaisnéisithe sin, ní athrófar toradh an bhreithmheasa go dtí seo le tionchair phaindéim Covid, rud a thaispeánann an gá atá ann leis an SIG a chur chun feidhme go hiomlán chun tacú le fás inbhuanaithe na cathrach.

# 9 Ceisteanna Sonracha a ardaíodh i Modúl 2

9.1.1 Dearadh an téacs roimhe sin chun an cúlra leis an samhaltú tráchta a rinneadh ar an CCNA N6 a léiriú. Ardaíodh ceisteanna sonracha i gcuir i láthair agus in aighneachtaí i ndáil leis an samhaltú tráchta agus rinneadh iad sin a chur i bhfoirm tábla leis na freagraí thíos le haghaidh tagairt éasca.

## 9.2 Fiosruithe aighneachta a rinne an tUasal Mulligan


**Tábla 15: Ceisteanna agus Freagraí Brendan Mulligan**


| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| **C1** | Leathanach 11. Ar cuireadh na soláthairtí breise maidir le páirceáil (ag Cé Bonham, Stáisiún Cheannt agus Cearnóg na Corónach) san áireamh sa tsamhail? |
| **F1** | Faoi mar atá léirithe i gCuid 6.3, cuireadh fás suntasach ar an daonra agus ar fhostaíocht san áireamh maidir le samhaltú agus breithmheas na scéime amach anseo, agus é ailínithe leis na réamhaisnéisí atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP). Tá na forbairtí ainmnithe cuimsithe ann seo.<br><br>Is é an bonn ar ar oibríodh an tsamhail go mbeidh infhaighteacht carranna (an leibhéal páirceála do chónaitheoirí) agus spásanna páirceála ag an gceann scríbe (e.g leibhéal na páirceála d'fhostaithe) comhsheasmhach le leibhéil reatha an tsoláthair. Faoi mar a míníodh sna codanna roimhe seo, is bonn tuisceana coimeádach é sin toisc go mbeidh leibhéal níos íseal soláthair páirceála leis na forbairtí úra ná mar atá leis na caighdeáin atá ann cheana. |
| **C2** | Leathanach 13: Cad é teorainn lár na cathrach i ndáil le Tábla 8.8? |
| **F2** | I **Léaráid 16** thuas taispeántar teorainn ábhartha Lár na Cathrach. |
| **C3** | Leathanach 13: Cad é an bhliain a mbaineann na figiúirí i dTábla 8.8 léi? |
| **F3** | 2039 |
| **C4** | Leathanach 13: "Tá sé sonraithe 'Tagann sé seo leis an mBeartas um Thaisteal Níos Cliste'. Cé go bhfuil laghdú tuartha ar an deighilt mhódúil i gcarranna príobháideacha ó 69% go 61%, tá sé fós i bhfad níos airde ná mar atá do sprioc 2009 an Taistil Níos Cliste de 45%. Mar sin, conas a thagann sé leis an mbeartas um Thaisteal Níos Cliste? |
| **F4** | Is í an chomparáid dá dtagraítear sa chás seo Cás Lárnach BIÉ le Cás an CNP. Is é 14% an fás daonra do Chathair na Gaillimhe arna léiriú i réamhaisnéis fáis |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| | lárnaigh BIÉ agus is é 55% an réamhaisnéis fáis daonra do Chathair na Gaillimhe i gcás an CNP (féach Tábla 5 thuas). Léirítear leis an gcomparáid seo nuair a bhíonn an daonra comhchruinnithe sa limistéar uirbeach, go laghdaíonn modh roinnte an chairr phríobháidigh. Tagann sé sin go díreach le príomhspriocanna an Taistil Níos Cliste, arb é sin nach mór pleanáil talamhúsáide agus iompair a ailíniú chun iompar inbhuanaithe a bhaint ach. |
| **C5** | Leathanach 13: "Is iontach an rud é i ndiaidh gréasán do lánaí rothaíochta a sholáthar faoi mar a sholáthraítear sa SIG go bhfuil an deighilt mhódúil do rothaíocht fós ag 3%. Cuir an deighilt mhódúil rothaíochta 3%, i ndiaidh thógáil an CCNA N6 agus an SIG a chur chun feidhme, i gcomparáid leis an tuairisc 'Cuntas Rothar 2018' go raibh 28% de na turais ar fad in 2018, ó Chóbanhávan agus i gCóbanhávan á ndéanamh ar rothar. Cén fáth a bhfuil an deighilt mhódúil rothaíochta fós chomh híseal le 3%? |
| **F5** | Mar thoradh ar chur chun feidhme an SIG, i gcomhthráth le boinn tuisceana daonra agus pleanála an Chreata Náisiúnta Pleanála, déanfar an deighilt mhódúil do rothaíocht a dhúbláil nuair a chuirfear i gcomparáid le leibhéil an lae inniu é (méadú 3.1% sa bhonnbhliain go 6% i cás SIG 2039).<br><br>I gcomparáid ar na Cásanna 'Íosmhéid a Dhéanamh' 2039 agus 'SIG a Dhéanamh' 2039 taispeántar go mbeidh méadú ar an deighilt mhódúil do rothaíocht ó 4.1% go 6% mar thoradh ar chur chun feidhme na dtograí rothaíochta laistigh den SIG. Is ionann é sin agus 2,700 turas rothaíochta eile in aghaidh an lae á ndéanamh laistigh de limistéar lár na cathrach arna léiriú i **Léaráid 16**.<br><br>Le cur chun feidhme an SIG; lena n-áirítear gréasán bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta, laghdú ar mhéideanna tráchta i lár na cathrach agus ríocht phoiblí fheabhsaithe sa chathair, tiocfaidh laghdú suntasach ar an taisteal gníomhach sa chathair, le deighilt mhódúil chomhcheangailte siúil agus rothaíochta ag ardú ó 33.4% sa Chás 'Íosmhéid a Dhéanamh' go 37.2% sa chás 'SIG a Dhéanamh' arb ionann é sin agus 5,300 turas breise á ndéanamh trí mhodh gníomhach i limistéar lár na cathrach arna léiriú i **Léaráid 16**. |
| **C6** | Leathanach 13: "Cé go bhfuil fás 50% ar dheighilt mhódúil an iompair phoiblí ó 4% go 6% tuartha tá sé sin fós an-íseal ag 6% ag cur san áireamh go soláthraítear lánaí bus níos tiomnaithe leis an SIG. Cad é an chúis leis sin? |
| **F6** | Tá sé tuartha go tiocfaidh méadú ar na turais ar iompar poiblí chuig lár na cathrach agus uaidh ó 3.9% de na turais ar fad sa bhonnlíne go 6.8% i gcás 2039 an SIG.<br><br>Sa chomparáid idir na Cásanna 2039 'Íosmhéid a Dhéanamh' agus 'SIG a Dhéanamh' taispeántar méadú absalóideach de thart ar 2,000 turas ar Iompar Poiblí in aghaidh an lae á ndéanamh laistigh de lár na cathrach i ndiaidh tograí iompair phoiblí an SIG a chur chun feidhme. |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| | In ainneoin an mhéid thuas, agus anailís á déanamh ar thorthaí na deighilte módúla maidir le hiompar poiblí, tá sé tábhachtach a shonrú, ar chúiseanna éagsúla, go bhfuil cion suntasach den éileamh taistil i gCathair na Gaillimhe nach féidir le hiompar poiblí air go héasca. Mar shampla, tosaíonn 42% de na turais ar fad atá ag dul go Cathair na Gaillimhe ó laistigh de Chontae na Gaillimhe. Cé go ndíreofar sa CNP ar chion mór den fhás daonra amach anseo in ionaid uirbeacha agus i limistéir a mbeidh rochtain ag iompar poiblí air, agus suíomh Chathair na Gaillimhe mar an príomhionad fostaíochta don réigiún, táthar ag súil go leanfaidh an patrún seo ar aghaidh amach anseo. Agus na faid níos faide lena mbaineann á gcur san áireamh, ní féidir na turais sin a dhéanamh ag siúl nó ag rothaíocht. Lena chois sin, agus cineál scaipthe na dturas sin á chur san áireamh (i.e. tosaíonn siad ó gach cearn den chontae seachas iad ar fud a bheith i limistéir áirithe amháin) ní féidir soláthar a dhéanamh leis an iompar poiblí do na turais sin ar mhodh ina mbeadh iompar poiblí ina rogha inmharthana eile ar an gcarr príobháideach.<br><br>Straitéis iompair phoiblí le haghaidh gach modha is ea an SIG agus soláthraítear léi an acmhainn is gá do na turais sin ar féidir iad a dhéanamh ar iompar poiblí, ag siúl nó ag rothaíocht agus na cinn nach féidir, agus ag an am céanna éascaítear fás 50% ar an gcathair. In anailís eile a rinneadh ar phatrúin taistil, tá sé tuartha, laistigh de Limistéar Theorainn Riaracháin Chathair na Gaillimhe atá taispeánta i **Léaráid 18** thíos, go dtiocfaidh méadú 30% ar úsáid carranna go dtí 2039 agus go dtiocfaidh méadú 60% ar thaisteal inbhuanaithe (siúl, rothaíocht agus iompar poiblí). Léirítear leis sin go mbeidh na tograí um thaisteal inbhuanaithe atá cuimsithe sa SIG éifeachtach maidir le díriú ar na turais sin is féidir athrú. |
| **C7** | Leathanach 14: “Ar cuireadh líon na spásanna páirceála san áireamh sa tsamhail?” |
| **F7** | Tá leibhéal na páirceála atá ann cuimsithe sa SRI. Faoi mar a luadh thuas, agus mar atá léirithe i gCuid 6.3, cuireadh fás suntasach ar an daonra agus ar fhostaíocht san áireamh maidir le samhaltú agus breithmheas na scéime amach anseo, agus é ailínithe leis na réamhaisnéisí atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP).<br><br>Is é an bonn ar ar oibríodh an tsamhail go mbeidh infhaighteacht carranna (an leibhéal páirceála do chónaitheoirí) agus spásanna páirceála ag an gceann scríbe (e.g leibhéal na páirceála d’fhostaithe) comhsheasmhach le leibhéil reatha an tsoláthair. |
| **C8** | Leathanach 14: “An é sin an fáth a bhfuil an deighilt mhódúil carranna fós chomh hard sin in ainneoin na lánaí bus ar fad agus an ghréasáin rothar atá beartaithe agus comhchruinniú a oiread sin d’fhás an daonra i ndlúthchathair amach anseo?” |
| **F8** | Faoi mar atá léirithe i gCuid 5.2 tá tionchar ag roinnt tosca ar an modh iompair a roghnófar le haghaidh turas faoi leith. Toisc thábhachtach amháin is ea infhaighteacht na páirceála ar rogha mhealltach í maidir le taisteal i gcarr príobháideach. San anailís i Cuid 6.4 taispeántar go mbeidh deighilt mhódúil mhéadaithe do mhodhanna inbhuanaithe taistil mar thoradh ar laghdú ar an leibhéal páirceála, ar aon dul leis an mbeartas reatha. |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| **C9** | Ó nóta lámhscríofa: “Táthar ag caint faoi Pháirceáil agus Taisteal le 10 mbliana nó níos mó anuas. Ba mhaith liom a iarraidh ar an iarratasóir ar sainaithníodh agus an ndearnadh iniúchadh ar láithreáin Pháirceála agus Taistil agus an ndearnadh cinneadh go mbeadh siad oiriúnach?” |
| **F9** | Tá soláthar láithreán Páirceála agus Taistil ina phríomhghné den SIG. Rinneadh anailís ar shuíomhanna páirceála agus taistil (atá cuimsithe in Aguisín E leis an SIG) chun moltaí a sholáthar ar dhea-chleachtas agus beartais oiriúnacha do Ghaillimh agus chun limistéir fhéideartha laistigh de Chathair na Gaillimhe agus den Cheantar Máguaird ina bhféadfadh saoráidí P&T a bheith oiriúnach a shainaithint.<br><br>Ar bhonn na hanailíse a rinneadh, agus na critéir le haghaidh P&T rathúil á gcur san áireamh, tugadh trí shuíomh fhéideartha P&T chun suntais sa staidéar.<br><br>- N17 (N83);<br>- M6; agus<br>- Bóthar Dáileacháin an Iarthair / Bóthar Bhearna.<br><br>Lena chois sin, chuir an ÚNI oifig tionscadail um Páirceáil agus Taistil ar bun le déanaí agus is é an aidhm shonrach leis sin na suíomhanna beachta agus dearadh na láithreán Páirceála agus Taistil i mBaile Átha Cliath agus sna Cathracha Réigiúnacha a chinneadh. |
| **C10** | Leathanach 16: “An ndearnadh na hastaíochtaí $CO_{2e}$ a ríomh ar bhonn na bhfeithiclí a bheidh ag taisteal ag an luasteorainn phostáilte 100km/u ar chuid mhótarbhealaigh na forbartha bóthair atá beartaithe. |
| **F10** | Rinneadh |
| **Trácht** | Trácht: B’fhéidir gur mian le Sinéad Whyte athmhachnamh a dhéanamh ar a freagra chomh maith go mbeadh an méadú ar astaíochtaí ó fheithiclí (le breosla iontaise) diomaibhseach i gcoibhneas le feithiclí (le breosla iontaise) a bheadh ag taisteal ag meánluas 100km/ú. |
| **Freagra** | Tá cuair astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin soláthartha thíos i **Léaráid 20** maidir le carranna peitril agus i **Léaráid 21** maidir le carranna díosail bunaithe ar cothromóidí astaíochtaí Feithiclí TRL arna bhfoilsiú ag Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe.<br><br>Faoi mar a sonraíodh ag an éisteacht, tá an leibhéal astaíochtaí ag 100kpu comhchosúil leis an leibhéal astaíochtaí ag 120kpu go háirithe don fhlít níos nua-aimseartha, agus dá réir sin táthar ag súil le méadú diomaibhseach ag luas níos airde. |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| | **Léaráid 20:Astaíochtaí dí-ocsaíde carbóin i gcoibhneas le luas feithiclí do charranna peitril**   **Léaráid 21: Astaíochtaí dí-ocsaíde carbóin i gcoibhneas le luas feithiclí do charranna díosail** |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| |   |
| **C11** | Ó nóta lámhscríofa: "An mbaineann Tábla 3.10 sa Chás Gnó le Lár Na Cathrach." |
| **F11** | Baineann. Baineann Tábla 3.10 sa Chás Gnó le Lár Na Cathrach mar a léirítear i **Léaráid 16** thuas. |
| **C12** | Leathanach 19: "B'fhéidir go mbeadh an t-iarratasóir ábalta comhairle a thabhairt faoi an rinneadh an Cás Gnó a athbhreithniú chun na hathruithe ar fad ar na hastaíochtaí GCT, ar an aistriú módúil, etc. a chur san áireamh?" |
| **F12** | Rinneadh na hathruithe ar an daonra de réir an CNP a raibh athruithe ar réamhaisnéisí tráchta air dá réir sin, na hastaíochtaí GCT agus an t-aistriú módúil a thaifeadadh sa Fhreagairt RFI agus tá na leasuithe leagtha amach sa doiciméad seo. |
| **C13** | Leathanach 19: "An ndearnadh astaíochtaí carbóin na forbartha bóthair atá beartaithe a phraghsáil isteach ag an bpraghas a chosnóidh sé chun na hastaíochtaí |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| | sin a dhíothú níos déanaí, faoi mar a d'inis Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Rover Watt, don Oireachtas atá Tiomnaithe don Athrú Aeráide mí na Samhna a chuaigh thart go ndéanfaí amhlaidh." |
| **F13** | Rinneadh. Féach Cuid 9.2 thíos leis an gcóimheas tairbhe le costas nuashonraithe a ríomhadh don chostas reatha carbóin agus don chostas carbóin amach anseo atá tuartha. |
| **C14** | *ba cheart staidéar féidearthachta neamhspleách ar iarnród éadrom bunaithe ar réamh-mheastacháin an CNP a dhéanamh. Ní raibh an t-iarnród roimhe seo bunaithe ar fhigiúirí an CNP, is difríocht ollmhór é sin agus mar sin ba cheart é a dhéanamh arís.* |
| **F14** | Rinne SYSTRA measúnú samhaltaithe ar roinnt roghanna LRT do Chathair na Gaillimhe ag baint úsáid as réamhaisnéisí déimeagrafacha an CNP. Go hachomair, léiríodh san anailís a rinneadh nach réiteofaí ceisteanna brú tráchta reatha nó réamh-mheasta i nGaillimh le córas Iarnróid Éadroim as féin. I gcomparáid leis sin, déanfar leibhéil brú tráchta sa chathair a laghdú go suntasach le cur chun feidhme an SIG. Mar thoradh air sin, ní ionann Iarnród Éadrom agus rogha eile inmharthana ar an SIG.<br><br>Anuas air sin, léirítear in anailís ar éileamh gur dócha nach mbeidh go leor éilimh ar sheirbhís LRT i nGaillimh. Tá sé sin mar gheall, i bpáirt, ar chineál íseal-déine na cathrach agus easnamh na maise criticiúla is gá chun tacú le bonneagar dá leithéid. D'fhéadfaí freastal ar bhealach níos éifeachtaí ar an leibhéal éilimh atá tuartha don bhliain deartha, faoi réamhaisnéisí an CNP, le seirbhísí bus ardmhinicíochta mar atá beartaithe sa SIG. |
| | **Soiléireacht a Theastaíonn ó Brendan Mulligan** |
| **C1** | Leathanach 5. Léaráid 2-1 Fás Daonra ÚNI/GCC in Aguisín A.8.1 "an bhfuil sé seo soiléir go leor" ionas gur féidir le daoine cad iad na limistéir atá san áireamh a dheimhniú. Tá léarscáil níos mionsonraithe de dhíth ar féidir teorainneacha pé limistéir atá i gceist a dheimhniú. |
| **F1** | Féach **Léaráid 17** thuas arb é sin Léaráid 2-1 a athsholáthraíodh chun críocha soiléireachta. |

## Faisnéis bhreis a mhol Brendan Mulligan ar cheart í a thabhairt don Chigire.

9.2.1 **Cuir leis. Faisnéis 1: Leathanach 19. "B'fhéidir go smaoineodh an t-iarratasóir ar chóip den Chás Gnó athbhreithnithe a chur ar fáil duit a Chigire lena bhreithniú."**

9.2.2 Ina aighneacht, d'fhiosraigh an tUasal Mulligan an ndearnadh an cás gnó don CCNA N6 a nuashonrú chun "Athruithe ar Astaíochtaí GCT" , ar an Aistriú Módúil, etc. a chur san áireamh?". Chomh maith leis sin, chuir sé ceist an ndearnadh na hastaíochtaí carbóin a phraghsáil isteach ag an bpraghas a chosnóidh sé chun na hastaíochtaí sin a dhíothú níos déanaí arna léiriú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoi mar a luadh cheana, ó foilsíodh an TMTT, foilsíodh Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) 2040 mar threoir le forbairt agus pleanáil straitéiseach ardleibhéil na hÉireann thar na chéad 20+ bliain amach romhainn. De dheasca fhoilsiú an CNP, rinneadh réamhaisnéisí fáis daonra agus fostaíochta a fhorbairt le haghaidh Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus tá siad ailínithe le réamhaisnéisí an CNP don chathair agus don réigiún. Lena chois sin, rinneadh cleachtadh samhaltaithe ina ndearnadh measúnú ar thionchair an CCNA N6 agus an SIG i gcomhthéacs Réamhfhaisnéisí Fáis an CNP. Úsáideadh na haschuir ó chásanna samhaltaithe an CNP chun Anailís Costais is Tairbhe na scéime a nuashonrú.

9.2.3 Tá príomhghníomhaíocht de chuid Phlean úr um Athrú Aeráide an Rialtais tiomnaithe do chur chun feidhme ráta cánach carbóin de €80 ar a laghad in aghaidh an tona faoi 2030, arb é sin méadú 400% ar an ráta reatha €20 in aghaidh an tona.

9.2.4 Rinneadh "Costas ar thástáil Íogaireachta Carbóin" eile chun tionchar an mhéadaithe sin ar chostas carbóin ar an gCóimheas Tairbhe le Costas (BCR) don scéim atá réamh-mheasta. Tá torthaí na hanailís costais is tairbhe nuashonraithe sin léirithe i **dTábla 16** thíos. Sonraítear sa tábla chomh maith na torthaí atá léirithe i gCás Gnó an CCNA N6 agus an carbón praghsáilte ag €5.66/tona

**Tábla 16: Costas ar Thástáil Íogaireachta Carbóin**

| **Rogha** | **PVB €** | **PVC €** | **NPV €** | **BCR** |
|---|---|---|---|---|
| Cás Gnó: Réamhfhaisnéis um Fhás Lárnach BIÉ don CCNA N6/'Rud Éigin a Dhéanamh' (Carbón €5.66 in aghaidh an tona) | 1,781,208 | 454,334 | 1,326,874 | **3.92** |
| CCNA N6 'Rud Éigin a Dhéanamh' an CNP (Carbón €20 in aghaidh an tona) | 2,560,118 | 451,790 | 2,108,328 | **5.7** |
| CCN 'Rud Éigin a Dhéanamh' an CNP (Carbón €80 in aghaidh an tona) | 2,541,308 | 451,790 | 2,089,518 | **5.6** |

9.2.5 Leis na torthaí nuashonraithe a thaispeántar thuas tugtar cuntas ar na hathruithe ar an éileamh taistil mar thoradh ar bhoinn tuisceana fáis an CNP, a ndeighil mhódúil ghaolmhara agus tionchar mhéaduithe an chostais carbóin ar na hastaíochtaí a chruthaíonn trácht feithiclí.

**Cuir leis. Faisnéis 2: Leathanach 27. "….Creidim go mbeadh sé an-úsáideach duitse a Chigire agus don Bhord, má ullmhaíonn an t-iarratasóir sraith chonclúideach táblaí maidir le deighilt mhódúil agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa anois lena mbreithniú agatsa."**

9.2.6 Féach **Cuid 6** den doiciméad seo agus **Aguisín A** le haghaidh sonraí iomlán maidir leis an deighilt mhódúil.

9.2.7 Cuireadh sonraí iomlána na dtionchar féideartha ar chaighdeán an aeir agus aeráid a bhaineann le réamhaisnéisí daonra méadaithe de réir an CNP i láthair sa Cheartúchán leis an éisteacht ó bhéal faoi Chuid 4.4 agus nuashonrú le hAguisín A.8.3.

9.2.8 Féach Caighdeán an Aeir agus Astaíochtaí Carbóin agus Ráiteas um Fhianaise ar Athrú Aeráide: Tá astaíochtaí carbóin ag an gcéim tógála curtha i láthair i dTábla 4, tá astaíochtaí carbóin ag an gcéim oibriúcháin do chás an CNP curtha i láthair i dTábla 5 agus tá astaíochtaí carbóin ag an gcéim oibriúcháin ina gcuirtear feithiclí leictreacha san áireamh curtha i láthair i dTábla 6.

**Cuir leis. Faisnéis 3: Ó nóta lámhscríofa: "Bheadh sé úsáideach don Chigire agus measúnú á dhéanamh aige ar thionchar diúltach an bhóthair atá beartaithe ar an acmhainn go bhfreastalófaí ar na hArdáin trí mhodhanna taistil gníomhacha agus inbhuanaithe (siúl, rothaíocht agus iompar poiblí) dá ndéanfaí an t-acomhal ollmhór ar an CCNA N6 a bhfuil sé beartaithe é a chur in áit Timpeallán Chúil Each, a fhorleagan ar an léarscáil ó Leathanach 2 den Athbhreithniú ar Rochtain Iompair do na hArdáin :AP arna ullmhú ag AECOM.**

9.2.9 Ní thagann an CCNA N6 salach ar Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán toisc gur lean uainiú Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán taispeáint na rogha bhealaigh roghnaithe don CCNA N6 in 2015 agus foilsiú na Tuarascála um Roghnú Bealaigh i mí Aibreáin 2016. Cuireadh dreacht-Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) na nArdán faoi chomhairliúchán poiblí i

Meán Fómhair 2017 agus cuireadh rogha bhealaigh roghnaithe an CCNA N6 a foilsíodh i bhfad roimhe seo san áireamh. Dá réir sin, níl coinbhleacht ar bith idir an CCNA N6 agus PCÁ na nArdán toisc gur cuireadh san áireamh go hiomlán an CCNA N6 i PCÁ na nArdán lena n-áirítear criosú de réir mar is cuí faoi mar a thaispeántar sa sliocht ó PCÁ na nArdán i **Léaráid 22.** Taispeántar limistéar an acomhail a bhfuil sé beartaithe é a chur in ionad Timpeallán Chúil Each sa léaráid seo i ndath liath.

**Léaráid 22: Sliocht ó PCÁ na nArdán**



9.2.10 Leis an CCNG N6 éascófar soláthar an bhaile úir atá beartaithe ag na hArdáin. Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe PCÁ na nArdán ag Gnáthchruinniú ar an 14 Bealtaine 2018. Tá an tiomantas seo a leanas cuimsithe i PCÁ na nArdán, *"Ar mhaithe le breithnithe um pleanáil iompair agus talamhúsáide a chomhtháthú, déanfaidh Comhairle Cathrach Measúnú Iompair Bunaithe ar Limistéar i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun tacú le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) bonneagar iompair cuí a sholáthar agus forbairt éifeachtach agus inbhuanaithe na nArdán a chur chun cinn."*

9.2.11 Ina dhiaidh sin, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair measúnú maidir le hiompar do PCÁ na nArdán dar teideal *Plean Ceantair Áitiúil na nArdán – Athbhreithniú ar Rochtain Iompair*, dátaithe mí na Samhna 2018. Tá an achoimre ar an measúnú sin léirithe i gCuid 9 den Tuarascáil ina sonraítear na príomhphointí seo a leanas:

9.2.12 **<u>An hArdáin Theas Céim 1:</u>**


- ROIMH AON FHORBAIRT – Uasghrádaigh Timpeallán na Máirtíneach go comharthaí, chun tús áite do bhusanna, do choisithe agus do rothaithe a chur san áireamh
- Le linn Shíneadh Starrach Chéim 1, táthar le rochtain úr ag acomhal úr ar an R446 soir ó Thimpeallán na Máirtíneach a sholáthar
- Le linn Shíneadh Starrach Chéim 1, teastaíonn nasc tiomnaithe coisithe agus rothaithe chuig Dabhach Uisce
- Le linn Shíneadh Starrach Chéim 1, táthar le crosaire iompair phoiblí, coisithe agus rothaithe thar an CCNA N6 go dtí nasc na nArdán Thuaidh go dtí na hArdáin Theas a sholáthar

9.2.13 **Na hArdáin Thuaidh:**

- Moltar i PCÁ na nArdán nár cheart forbairt ar bith a dhéanamh sna hArdáin Thuaidh go dtí go soláthrófar feabhsuithe ar Acomhal CCNG Chnoc Mhaoil Drise/na Páirce Móire/Bhóthar Mhuine Mheá.

9.2.14 Tá léiriú grafach de na socruithe rochtana seachtraí atá molta arna mbaint ón Achoimre Feidhmiúcháin leis an tuarascáil seo léirithe i **Léaráid 23.**

**Léaráid 23: Socruithe Rochtana Seachtraí atá Molta do PCÁ na nArdán (gan fairsing acomhail an CCNA N6 curtha in iúl)**



## 9.3 Fiosruithe aighneachta a rinne An Taisce

**Tábla 17: Ceisteanna agus Freagraí An Taisce**

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| **C1** | Cén fáth nár leathnaíodh Bóthar na Páirce Móire riamh (lánaí busanna agus lánaí carranna) i gcomhréir leis an méadú suntasach ar na daoine atá ag obair i bPáirc Ghnó na Páirce Móire? |
| **F1** | Breithníodh an Pháirc Mhór sa SIG agus rinneadh breac-chuntas ar chuspóirí ann chun feabhas a chur ar naisc leis an bPáirc Mhór agus go háirithe nasc úr idir Baile an Bhriotaigh agus an Pháirc Mhór le síneadh le bealach busanna 405.<br><br>Lena chois sin, tá feabhsuithe ar thosaíocht busanna molta ar bhealach 409 a fhreastalaíonn ar an bPáirc Mhór. Srian faoi leith ar an mbealach sin is ea Acomhal Chnoc Mhaoil Drise, agus an caolas don Iompar Poiblí idir Bhóthar Dhubhach Uisce agus Bhóthar na Páirce Móire.<br><br>Faoi mar atá léirithe i gCuid D.2.2.5 d'Aguisín D den SIG, tá sé molta tosaíocht do bhusanna a chur ar fáil idir Dubhach Uisce agus Bóthar na Páirce Móire. |
| **C2** | Cén fáth nár tógadh bóthar ceangail riamh idir Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus Páirc Ghnó na Páirce Móire chun seirbhís busanna poiblí tríd an dá pháirc ghnó a éascú? |
| **F2** | Ba é an ÚFT a d'fhorbair an dá bhóthar lena mbaineann agus is bóithre ÚFT iad. Mar sin féin, i ndiaidh anailís a dhéanamh ar limistéar na Páirce Móire/Bhaile an Bhriotaigh, i staidéar an CCNA N6 forbraíodh naisc chun tréscaoilteacht an limistéir sin a mhéadú, rud a chuir an deis ar fáil ansin le bealach busanna a chruthú lena nasctar lár na cathrach go dtí Baile an Bhriotaigh go dtí an Pháirc mór agus tá sé sin cuimsithe mar mholadh sa SIG. |
| **C3** | Cén fáth nár cuireadh bhfuil lánaí bus / glanbhealaí i gCathair na Gaillimhe le deich mbliana anuas, nuair nach bhfuil cúis shoiléir ar bith ann gan sin a dhéanamh. |
| **F3** | Is bearta iad lánaí bus agus glanbhealaí a tugadh isteach chun oibriú níos éifeachtúla bealaí busanna a éascú. Is é an cur chuige a ghlacadh maidir le príomhbhealaí bus a éascú anailís a dhéanamh ar fhoinse agus ar chineál aon mhoille a bhíonn ann agus tús áite a thabhairt ó sin amach don chás le haghaidh infheistíocht i mbeartas tosaíochta busanna. Sainaithníodh na príomhthosaíochtaí seo a leanas:<br><br>• Is é an t-aon idirghabháil amháin is tábhachtaí faoi choinne iompar poiblí cruthú an Naisc Thraschathrach mar gurb é seo an chuid is plódaithe den ghréasán agus tagann na cúig bhealach cathrach ar fad le chéile anseo, rud atá tábhachtach mar go soláthraíonn sé deis aistrithe. Tá sé sin níos tábhachtaí na lánaí bus a sholáthar áit éigin eile. Ní fheidhmeoidh straitéis |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| | ar bith a bhraitheann ar sholáthar lánaí bus gan saorghluaiseacht busanna trasna lár na cathrach a éascú chomh maith.<br>• Tá lánaí bus á suiteáil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le 10 mbliana anuas. Tá beartú tosaíochta bunaithe ar anailís a dhéanamh ar an moill a bhíonn ar na príomhbhealaí bus.<br>• Go sonrach, i ndáil le Bóthar Bhaile Átha Cliath, tá tuilleadh bearta tosaíochta bus á bhforbairt, seirbhísí réigiúnacha bus agus seirbhísí idirchathrach bus. Tá Comhairliúchán Neamhreachtúil ar siúl maidir leis an tionscadal sin. |
| **C4** | Cén fáth a bhfuil trí bhealach isteach agus ceithre fhoireann soilse tráchta ar N6 Bhóthar na dTreabh idir Bóthar Chúil Each agus Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh? |
| **F4** | Tugadh na soilse tráchta isteach i bhfianaise an éilimh mhéadaithe tráchta a eascraíonn den chuid is mó mar gheall ar fhás na Gaillimhe.  Leis na hacomhail atá rialaithe le comhartha go háirithe uasmhéadaítear sábháilteacht agus slándáil coisithe, rothaithe agus éascaíonn siad bainistíocht láraithe tráchta. Is é sin an cás go háirithe ar an stráice sin bóthair le mianlínte suntasacha trasna N6 Bhóthar na dTreabh idir an limistéar cónaithe siar agus na seirbhísí/miondíol soir.<br>Le linn freastal ar dhaonra atá ag fás fuarthas cothromaíocht idir an rochtain ar N6 Bhóthar na dTreabh agus caomhnú na hacmhainne ar an N6. Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith gur pléadh roinnt stráicí den ghréasán bóithre roimh dháta na tógála ar a dtugtar an N6 anois. |
| **C5** | Cén fáth a gcaithfidh cathair a shíneofar soir i dtreo Órán Mór agus Áth an Rí 650 milliún euro a chaitheamh ar chuarbhóthar / seachbhealach siar i dtreo Chonamara? |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| **F5** | Leagadh feidhmiúlacht na scéime amach faoi ar a leanas:<br><br>1. Tá an CCNA N6 atá beartaithe suite laistigh den chóras iompair foriomlán. Cuireann sé príomhdhroim úr soir siar leis an ngréasán bóithre agus cuireann sé naisc thábhachtacha thuaidh theas leis chun an idirnascacht leis an droim úr a sholáthar. Téitear i ngleic leis an bhfadhb iompair atá i gCathair na Gaillimhe trí dhá phríomhchuspóir a bhaint amach maidir le córas iompair na cathrach a fhorbairt a éascóidh forbairt inbhuanaithe agus chomhdhlúthaithe.<br><br>2. Cuirtear acmhainn turais leis an ngréasán iompair atá ann leis agus mar sin laghdaítear turais trí lár na cathrach agus, go sonrach, laistigh de ghréasán Rochtain Lár na Cathair agus air faoi mar a shainaithnítear sa SIG. Mar a luadh thuas, mar go bhfuil níos lú turas sa chathair, tá níos lú brú tráchta ann agus dá réir sin déantar modhanna taisteal iompair phoiblí agus gníomhacha níos mealltaí.<br><br>Leis na naisc úra a ionchorpraítear mar chuid den CCNA N6 déantar soláthar do riachtanas straitéiseach an ghréasáin bóithre náisiúnta agus nascacht Chathair na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair leis an ngréasáin Ten-T. Is féidir le turais teachta agus imeachta chuig/ón gcathair dul isteach sa chathair agus imeacht aisti ar bhealaí nach gcaithfear dul isteach i lár na cathrach ach amháin más é sin a gceann scríbe. Coinnítear turas ar féidir dul timpeall ar shiúl ó lár na cathrach.<br><br>Trí fheidhmiúlacht dá leithéid a chur ar fáil is gá droim úr Soir Siar a chruthú a théann siar i dtreo ginearálta Chonamara agus soir i dtreo ginearálta Órán Mór agus tríd sin a dhéanamh cuirtear feabhas ar an nascacht i dtreo an ghréasáin náisiúnta agus Chonamara.<br><br>Lena chois sin:<br><br>• Tagann an síneadh leanúnach leis an gcathair soir salach ar an dea-chleachtas pleanála agus an CNP a thacaíonn le dlúthfhoirm uirbeach. Gan an CCNA N6, beidh sé mar thoradh ar mheath leanúnach an ghréasáin iompair go “spréifidh ” an chathair amach chuig limistéir amhail Órán Mór agus Áth an Rí ina bhfuil rochtain mhaith ar an leath thoir den chathair. Tagann sé sin salach ar an dea-chleachtas pleanála agus an CNP.<br><br>• Ceal an CCNA N6 éireoidh iarthar na cathrach níos scoite agus níos dorochtana i gcónaí de réir mar a éireoidh sé níos deacra dul trasna Abhainn na Gaillimhe agus an daonra agus an trácht gaolmhar ag méadú. Beidh deighilt na cathrach agus dúbláil seirbhísí soir agus siar ón gcathair mar thoradh air sin.<br><br>• Tacaíonn an tionscadal atá beartaithe le comhtháthú an bheartais talamhúsáide agus iompair agus tacóidh sé le dlúthfhás na Gaillimhe mar atá leagtha amach sa CNP.<br><br>• Leis an CCNA N6 cuirtear feabhas ar inrochtaineacht agus ar thréscaoilteacht, rud a thacaíonn tuilleadh le déine na forbartha agus fás |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| | amach anseo, agus dá réir sin beidh an t-iompar poiblí ábalta freastal níos fearr air.<br>• Beidh agaí turais laghdaithe trasna na cathrach do gach modh mar thoradh air chomh maith, rud a chuirfidh feabhas ar rochtain ar sheirbhísí riachtanacha laistigh de lár na cathrach agus a sheachnófar an gá le dúbláil seirbhísí, mar gheall ar bhrú tráchta méadaithe agus srian ar ghluaiseacht. |
| **C6** | Cén fáth a n-úsáidtear sábháilteacht agus astaíochtaí aeir lár na cathrach i nGaillimh mar chritéir chun réitigh mhalartacha iompair a roghnú nuair ba cheart go mbeadh baint ag an staidéar le Cathair na Gaillimhe ina hiomláine? |
| **F6** | Tá an comhchruinniú is mó daonra i lár na cathrach agus is ionann é agus formhór na n-úsáideoirí leochaileacha bóithre (coisithe agus rothaithe). |
| **C7** | Cén fáth a bhfuil cuarbhóthair / seachbhóthar á mbeartú nach bhfuil sé beartaithe seirbhísí bus poiblí a oibriú air? |
| **F7** | Tá sé tábhachtach a shonrú go mbeidh iompar poiblí amhail seirbhísí díreacha áitiúla, chomh maith le seirbhísí idir-uirbeacha ábalta an scéim atá beartaithe a úsáid.<br><br>Dearadh na seirbhísí iompair phoiblí atá beartaithe arna léiriú sa SIG chun na daonraí cónaithe atá ann agus na daonraí cónaithe amach anseo a cheangal ar an dóigh is fearr le díolta suntais móra turais amhail Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an t-ospidéal, lár na cathrach agus fostóirí móra. Is é an dóigh is fearr a bhfreastalófar ar na limistéir sin trí na bealaí a úsáideann an gréasán bóithre áitiúla agus náisiúnta atá ann cheana.<br><br>Leis an scéim atá beartaithe laghdófar an iomaíocht le haghaidh spás bóthair teoranta i lár na cathrach, rud a dhéanfaidh níos éasca é acmhainn bhreise a sholáthar le haghaidh siúil, rothaíochta agus iompar poiblí. Mar gheall air sin, cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht na mbealaí iompair phoiblí a sainaithníodh a oibreoidh níos gaire do na dobharcheantair éilimh sa chathair, agus déanfar spás i lár na cathrach chun aistriú ag an bhFaiche Mór idir bealaí seirbhíse, seirbhísí réigiúnacha agus seirbhísí idirchathrach lena n-áirítear iarnród a éascú. |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| **C8** | Cén fáth ar dtugadh neamhaird ar thaithí fhormhór na gcathracha nua-aimseartha, is é sin nach féidir brú tráchta a laghdú ach trí thús áite a thabhairt d'úsáid iompair phoiblí agus spás bóthair thar charranna príobháideacha? |
| **F8** | Tá an CCNA N6 beartaithe mar chuid de straitéis lena dtugtar tús áite do sholáthar agus leithdháileadh spáis bóthair le haghaidh modhanna gníomhacha agus iompar poiblí. Meastar go bhfuil an SIG mar chuid de na bearta atá beartaithe chun an straitéis seo a chur chun cinn aithníodh an gá le "Cuarbhóthar (arna shainaithint mar chuid de tionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe), ina ghné thábhachtach. Trí acmhainn bhreise cuarthráchta a sholáthar méadófar na deiseanna maidir le hathdháileadh an spáis bóthair atá ann lena úsáid ag coisithe, busanna agus rothaithe, a shainaithnítear mar phríomhchuspóir bainistíochta tráchta sa straitéis." |
| **C9** | Cén fáth an bhfuil "rochtain busanna agus áitiúil" beartaithe nach féidir a chur i bhfeidhm, nach bhfuil bonn dlí leis, nach féidir a fhorfheidhmiú agus nach n-oibreoidh? |
| **F9** | Cuirfear na bearta beachta chun an tosaíocht do bhusanna a chur chun feidhme isteach mar chuid den phróiseas pleanála don Nasc Traschathrach. Tá na Geataí Bus ina gcuid den Nasc Traschathrach atá beartaithe, agus mar sin beidh sé ina chuid d'fhaomhadh/de chead ar bith don Nasc Traschathrach |
| **C10** | Cén fáth a bhfuil an droichead beartaithe síos an abhainn ó Dhroichead na mBradán do choisithe nuair is léir gur cheart do bhusanna/iarnród éadrom/carranna é a úsáid? |
| **F10** | Mar chuid de chur chun feidhme an SIG tá droichead úr le haghaidh modhanna gníomhacha á chur chun cinn. Beidh Droichead na mBradán atá ann anois ar fáil ansin le haghaidh modhanna iompair phoiblí. Is é sin an réiteach is inbhuanaithe atá ann a uasmhéadaíonn úsáid an bhonneagair atá ann le haghaidh iompar poiblí agus a fheabhsaíonn saoráidí le haghaidh modhanna gníomhacha trí dhroichead úr a thógáil go sonrach do na modhanna sin. |
| **C11** | Cén fáth a gcaithfí cuarbhóthar / seachbhóthar úr a thógáil sula mbeidh feabhsuithe féideartha ar an mbonneagar iompair phoiblí (lánaí bus) déanta. |
| **F11** | Faoi mar a luadh thuas tá an CCNA N6 á chur chun cinn mar chuid den SIG atá ina chuid de na bearta meántéarmacha/fadtéarmacha atá beartaithe. Tá na bearta uile ar fad a sainaithníodh lena n-áirítear na modhanna éagsúla iompair phoiblí sainaitheanta mar bhearta gearrthéarmacha/meántéarmacha. Lena chinntiú go soláthrófar tionscadal mór amhail an CCNA N6 san achar ama atá beartaithe is gá an chéim phleanála a chur chun cinn i gcomhthráth leis na bearta eile.<br><br>Mar atá léirithe thuas, tá sé beartaithe go mbeidh an SIG ina straitéis faoi thionchar an mhodha iompair phoiblí agus modhanna gníomhacha agus bearta iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta á gcur chun cinn sa ghearrthéarmach (2 - 5 bliana). |

| Tagairt Uimh. | Ceist agus Freagairt |
|---|---|
| **C12** | Cén fáth nach bhfuil seirbhísí díreacha poiblí bus (i.e. ní tríd an bhFaiche Mhór) idir an Pháirc Mhór / Baile an Bhriotaigh agus Bóthar na Trá/ an Taobh Thiar/ Cnoc na Cathrach? |
| F12 | Leis na bealaí bus atá beartaithe mar chuid den SIG soláthrófar iompar poiblí a bheidh áisiúil, rialta agus iontaofa chun taisteal ar bhus idir Pháirc Mhór/Baile an Bhriotaigh agus Bóthar na Trá/an Taobh Thiar/Cnoc na Cathrach a éascú. |
| **C13** | Cén fáth a bhfuil spás páirceála duine éigin lasmuigh dá dteach, nó cúpla méadar ar shiúl óna ngairdín tosaigh, i lár na cathrach níos tábhachtaí ná teach duine éigin ar bhealach an chuarbhóthair / seachbhóthair atá beartaithe? |
| **F13** | Tá sé tuartha go mbainfear páirceáil ar an tsráid agus ceannach gairdíní tosaigh chun bearta tosaíochta bus a sholáthar. Chun é sin a dhéanamh beidh gá le réadmhaoin a cheannach ar an dóigh chéanna a bhfuil sé beartaithe tithe a cheannach mar chuid den CCNA N6. Tá leibhéal an tionchair maidir le ceannach tí ina thionchar níos déine. |
| **C14** | Cén fáth a dtosaíonn gach rogha eile bhealaigh don chuarbhóthar/ seachbhóthar ag an N6 (Dubhach Uisce) agus a gcríochnaíodh siad ag an R336 (Bóthar an Chósta)? |
| **F14** | Le linn ullmhú an SIG breithníodh cúpla roghanna don chuarbhóthar. Áiríodh orthu sin cuarbhóthar ó Chúil Each go dtí an N84, cuarbhóthar ó Chúil Each go dtí an N59 agus cuarbhóthar ó Chúil Each go dtí an R336 (Bearna). Ba é tátal na hanailíse sin gurb é an cur chuige a roghnófar cuarbhóthar a fhorbairt ó Chúil Each go Bearna ar na cúiseanna seo a leanas:<br>i. Soláthraítear lár cathrach níos sábháilte leis<br>ii. Soláthraítear gréasán iompair níos cuimsithí ón taobh sóisialta de leis<br>iii. Soláthraítear inrochtaineacht níos fearr leis<br>iv. Cinntítear luach ar airgead níos fearr leis |

## 9.4 Aighneacht ó Fheachtas Rothaíochta na Gaillimhe

9.4.1 Cuimsíodh san aighneacht ó Fheachtas Rothaíochta na Gaillimhe measúnú ar líon na dtrasbhealaí abhann sa Chás ‘Íosmhéid a Dhéanamh’ agus sa Chás ‘Rud Éigin a Dhéanamh’. Maíonn siad go léiriú é na trasbhealaí abhann breise sa chás ‘Rud Éigin a Dhéanamh’ (leis an CCNA N6) d’éileamh spreagtha.

9.4.2 Faoi mar atá léirithe i gCuid 4.8 den Ráiteas um Fhianaise ar Thrácht, déantar measúnú sa chur chuige samhaltaithe a glacadh le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe ar thrácht spreagtha agus, dá réir sin, cuireadh san áireamh é do réamhaisnéisí AADT a tugadh chun suntais i bhFeachtas Rothaíochta na Gaillimhe.

9.4.3 Beidh sé mar thoradh ar fhás pleanáilte na cathrach, faoi mar atá leagtha amach faoin CNP, gan trasbhealach abhann breise san áireamh, go mbeidh leibhéal dian brú tráchta i gceist do gach modh iompair a chuirfidh bac ar ghluaiseachtaí taistil ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe. Bheadh aonrú limistéar den chathair agus den chontae mar thoradh air sin ar deireadh, rud a bheadh ina chúis le hathlonnú gníomhaíochtaí amach ó lár na cathrach, dúbláil seirbhísí, laghdú ar na deiseanna fostaíochta agus laghdú foriomlán i gcaighdeán beatha chónaitheoirí na cathrach.

9.4.4 Is é an toradh ar an CCNA N6 a thabhairt isteach laghdú suntasach ar bhrú tráchta agus scaoiltear éileamh coiscthe a bhí sa Chás 'Íosmhéid a Dhéanamh'. Is é sin an chúis le méadú ar an trácht trasna na habhann sa chás 'Rud Éigin a Dhéanamh'.

9.4.5 Sa mheasúnú ar an trácht spreagtha taispeánadh go mbeidh feabhas ar agaí turais ar fud an ghréasáin do gach modh mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear iompar poiblí, baint an tráchta ó lár na cathrach, feabhas ar thimpeallacht lár na cathrach agus sábháilteacht fheabhsaithe ar fud na cathrach. Le soláthar na forbartha bóthair atá beartaithe mar phríomh-chomhpháirt de Straitéis Iompair na Gaillimhe soláthrófar níos mó spáis agus tosaíochta i lár na cathrach le haghaidh modhanna taistil inbhuanaithe.

## 9.5 Aighneacht ón Uasal Kilgarriff agus ón Uasal Molinar

### Ábhar aighneachtaí

9.5.1 In aighneachtaí chuig an éisteacht ó bhéal ón Uasal Kilgarriff agus ón Uasal Molinar éilítear go ndearnadh ró-innealtóireacht ar an CCNA N6 agus gur leor débhealach le hacomhail timpealláin chomhréidhe chun an fhadhb iompair i nGaillimh a réiteach.

### Dearadh Forleaganacha Acomhail agus Trasghearradh an CCNG N6

9.5.2 Cinneadh roghnú na foirme trasghearrtha agus acomhail don CCNA N6 i gcomhthéacs chuspóir an bhóthair agus na méideanna tráchta i gcomhréir leis na caighdeáin deartha reatha. Is nasc úrnua é an CCNA N6 ar an ngréasán bóithre agus is é an cuspóir leis an trácht a thagann

as na bealaí gathacha amhail an N67, M6/N6, N83, N84 agus an N59 a scaipeadh agus cuid den ghréasán TEN-T á cruthú. De dheasca chuspóir an bhóthair thar an stráice ón N6/M6 go dtí an N59, mar aon leis an méid tráchta ar an stráice sin déanfar é a dheighilt agus ní soláthrófar rochtain ach ag na hacomhail ilairde. Tá gá leis sin ionas gur féidir leis leanúint ar aghaidh don chuspóir ar dearadh é ina leith. Tá sé ainmnithe mar mhótarbhealach chomh maith chuig an Acomhal N59 Leitrí chun an píosa suntasach bonneagair sin a chosaint amach anseo. Bheadh ceanglas comhchosúil um dháileacht talún i gceist le débhealach mar an mótarbhealach beartaithe ach is é an fhoirm acomhail an phríomhdhifríocht. Maidir le soláthar an mhótarbhealaigh tá soláthar acomhal ilairde riachtanach, agus tugtar údar leis na hacomhail ilairde leis na méideanna tráchta ar an bpríomhbhóthar mar aon leis an trácht a chasann ar na bealaí gathacha nuair a ceanglófar é go hiomlán. Theipfeadh ar acomhail chomhréidhe ar an stráice ón N6/M6 go dtí an N59 mar gheall ar na méideanna tráchta atá tuartha ar an bpríomhlíne mar aon le gluaiseachtaí casta ag na hacomhail agus bheadh brú tráchta i réim faoi mar a fheictear leis an gcás reatha ag acomhal comhréidh an N6/M6.

9.5.3 Siar ó Acomhal N59 Leitrí, rinneadh laghdú suntasach ar an trácht siar cheana agus scartar an trácht iarmharach ar an N59 ó thuaidh, ó theas isteach sa chathair agus siar i dtreo an R336. Dá réir sin, tá méid i bhfad níos lú tráchta ar an stráice ó Acomhal N59 Leitrí siar le hacomhail chomhréidhe agus deighilt níos lú chun nascacht a sholáthar chuig an ngréasán bóithre atá ann.

9.5.4 Dá réir sin, tá dhá leibhéal ar leith den soláthar trasghearrtha de dhíth don CCNA N6 leis an bpointe deighilte ag Acomhal Bóthar Bhaile an Mhóinín faoi mar a leanas:

- R336 go Bóthar Bhaile an Mhóinín Duine – débhealach singil
- Bóthar Bhaile an Mhóinín go dtí an N6 – mótarbhealach uirbeach

9.5.5 Mar thoradh air sin, tá rogha na deighilte leibhéal ag an acomhal riachtanach toisc mar gheall ar an am a theastódh ag acomhal comharthaithe comhréidh chun gluaiseacht an tréthráchta ar an CCNG N6 a éascú go ndéanfaí laghdú suntasach ar chumas gach géag den acomhal. Bheadh méadú ar an mbrú tráchta ar na bealaí gathacha a thrasnaíonn ag na hacomhail sin agus scuainí fada tráchta mar thoradh air sin. Bheadh scuaine feithiclí ar an CCNA N6 le linn na mbuaicuaireanta mar thoradh ar sin. Dá réir sin, tá an deighilt leibhéal ag na hacomhail riachtanach chun an tréthrácht a bhaint ar an CCNA N6 ón gcéimniú comharthaíochta agus tá sé riachtanach chun go mbainfidh an bóthar a chuspóirí sainithe amach arna sainiú i gCaibidil 3 den TMTT, mar shampla:

- Rochtain fheabhsaithe ar Ghaillimh
- Coinbhleacht tráchta straitéisí agus tráchta áitiúil a bhaint
- A ainmniúchán mar bhealach TEN-T á chomhlíonadh aige

### Athdháileadh spáis bhóthair

9.5.6 Tá an CCNA N6 atá beartaithe suite laistigh den chóras iompair foriomlán. Cuireann sé príomhdhroim úr soir siar leis an ngréasán bóithre agus cuireann sé naisc thábhachtacha thuaidh theas leis chun an idirnascacht leis an droim úr a sholáthar. Cuirtear acmhainn turais leis an ngréasán iompair atá ann leis agus mar sin laghdaítear turais trí lár na cathrach agus, go sonrach, laistigh de ghréasán Rochtain Lár na Cathair agus air faoi mar a shainaithnítear sa SIG. Mar go bhfuil níos lú turas sa chathair, tá níos lú brú tráchta ann agus dá réir sin déantar modhanna taisteal iompair phoiblí agus gníomhacha níos mealltaí.

### Srianadh rochtana

9.5.7 Leis na naisc úra a ionchorpraítear mar chuid den CCNA N6 déantar soláthar do riachtanas straitéiseach an ghréasáin bóithre náisiúnta agus nascacht Chathair na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair leis an ngréasáin Ten-T. Is féidir le turais teachta agus imeachta chuig/ón gcathair dul isteach sa chathair agus imeacht aisti ar bhealaí nach gcaithfear dul isteach i lár na cathrach ach amháin más é sin a gceann scríbe. Tá srian ar thuras is féidir dul timpeall na cathrach ó dul isteach i lár na cathrach nó lár na cathrach a úsáid agus dá réir sin tá spás bóthair ar fáil i lár na cathrach.

9.5.8 Tá rochtain isteach ar an CCNA N6 srianta chomh maith lena chinntiú go gcosnófar an bonneagar sin amach anseo, agus acomhail ag príomh-crosbhealaí amháin toisc gurb é an acmhainn acomhal atá ríthábhachtach d'fheidhm fhoriomlán an bhóthair.

# Aguisín A

Torthaí na Deighilte Módúla

# Aguisín B

Tástáil Íogaireachta COVID-19

# B1